An Coimisiún Eorpach



Treoirlínte do mhúinteoirí agus oideoirí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus oiliúint

Aitheantais

D'fhorbair an Coimisiún Eorpach na treoirlínte seo le tacaíocht ón nGrúpa Saineolaithe maidir le Dul i nGleic leis an mBréagaisnéis agus maidir leis an Litearthacht Dhigiteach a Chur Chun Cinn tríd an Oideachas agus an Oiliúint faoi stiúir comhairleoirí a bhfuil baint acu le ECORYS. Is mian leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil le:

Ahmet Murat Kılıç, Comhairle na hEorpa
Alina Bargaoanu
Arminas Varanauskas
Cassie Hague, an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
Charo Sádaba, Taighde Digiteach Ibéarach, Ollscoil Navarra
Claus Hjorth
Divina Frau-Meigs, Savoir Devenir
Eleni Kyza
Gabriella Thinsz, Cuideachta Craolacháin Oideachais na Sualainne
Giacomo Mazzone
Irene Andriopoulou
Jens Vermeersch, An Chónaidhm Eorpach um Fhostóirí Oideachais
Juliane von Reppert-Bismarck, Lie Detectors
Kamil Mikulski, Kosciuszko Institute
Kari Kivinen, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh
Norman Röhner, ALL DIGITAL
Onno Hansen-Staszyński
Sally Reynolds, Media and Learning Association
Sandra Troia
Stacey Featherstone, META
Thomas Nygren
Veni Markovski
Vitor Tomé

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas i leith aon toradh a d'fhéadfadh a bheith ar athúsáid an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022
© An tAontas Eorpach, 2022

Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).
Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.

Print ISBN 978-92-76-55122-5 doi: 10.2766/105139 NC-09-22-371-GA-C
PDF ISBN 978-92-76-55118-8 doi: 10.2766/407053 NC-09-22-371-GA-N

Clár Ábhar

1. Brollach 6

2. Réamhrá 8

3. Na Treoirlínte a úsáid san oideachas agus san oiliúint 9

Cé dóibh na Treoirlínte seo? 10

4. Sainmhínithe ar na príomhthéarmaí sna Treoirlínte seo 11

5. An Cúlra a Thabhairt 13

Teagasc agus foghlaim i dtimpeallacht na scoile digití 13

Treoir agus leideanna – roimh na gníomhaíochtaí scoile agus seomra ranga, lena linn agus ina ndiaidh 15

Roimh na Gníomhaíochtaí
Cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara na scoile 15

I rith na ngníomhaíochtaí 19

Tar éis na ngníomhaíochtaí 19

6. Inniúlacht sa litearthacht dhigiteach a chothú sa seomra ranga agus ar scoil: conas a bheith inár saoránaigh dhigiteacha 20

Tús a chur le teagasc na litearthachta digití 21

Cuspóirí foghlama na litearthachta digití 22

7. Bréagaisnéis: Céard atá i gceist leis sin? 24

Smaoinigh ar na pleananna gníomhaíochta malartacha a leanas: 25

Saintréithe na Bréagaisnéise 26

Cén fáth a gcruthaítear agus a scaiptear bréagaisnéis? 26

Céard is seiceáil fíricí ann? 28

Cad a chiallaíonn bréagnú? 29

Measúnú a dhéanamh ar chreidiúnacht na faisnéise agus conas foinsí dlisteanacha a aimsiú agus a úsáid 30

Gnéithe éagsúla na bréagaisnéise a thuiscint 30

Gnéithe eiticiúla na bréagaisnéise 30

Eacnamaíocht na bréagaisnéise 31

Roinnt gnéithe cognaíocha agus mothúchánacha na bréagaisnéise 32

8. Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach ar scoil agus sa seomra ranga: treoir phraiticiúil do mhúinteoirí agus oideoirí 34

Cad gur féidir linn a mheas agus cad gur cheart dúinn a mheas? 34

Cineálacha cleachtas measúnaithe 34

Meastóireacht ar na cineálacha cur chuige oideachais a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach 39

Nóta ar acmhainní 39

Liosta Pleananna Gníomhaíochta sna Treoirlínte

An Cúlra a Thabhairt

Plean Gníomhaíochta 1: Dul i ngleic le bréagaisnéis

Plean Gníomhaíochta 2: Foghlaim faoi ildearcthaí trí fhoinsí iomadúla

Inniúlacht sa litearthacht dhigiteach a chothú sa seomra ranga agus ar scoil: conas a bheith inár saoránaigh dhigiteacha

Plean Gníomhaíochta 3: Ag oibriú leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha

Plean Gníomhaíochta 4: Loirg dhigiteacha a rianú

Bréagaisnéis: Céard atá i gceist leis sin?

Plean Gníomhaíochta 5: Fíric nó tuairim?

Plean Gníomhaíochta 6: Faisnéis a mheas

Plean Gníomhaíochta 7: Taighde maidir leis an bhfáth a gcruthaítear bréagaisnéis

Plean Gníomhaíochta 8: Plé ar shaoirse na meán

Plean Gníomhaíochta 9: Seiceáil fíricí a dhéanamh

Plean Gníomhaíochta 10: Gnéithe teicneolaíocha na bréagaisnéise a phlé le daltaí

Plean Gníomhaíochta 11: Plé ar eacnamaíocht na bréagaisnéise

Plean Gníomhaíochta 12: Teoiricí comhcheilge a phlé



Liosta de na Leideanna sna Treoirlínte

An Cúlra a Thabhairt

Leid 1: Páirt a thabhairt do dhaltaí

Leid 2: Páirt a thabhairt do thuismitheoirí

Leid 3: Dul i ngleic le saincheisteanna conspóideacha

Leid 4: Ionbhá a léiriú

Leid 5: Mioncheistiú

Inniúlacht sa litearthacht dhigiteach a chothú sa seomra ranga agus ar scoil: conas a bheith inár saoránaigh dhigiteacha

Leid 6: Cluichiú agus foghlaim bunaithe ar chluichí

Leid 7: Samplaí na ndaltaí a leanúint

Bréagaisnéis: Céard atá i gceist leis sin?

Leid 8: Foinsí a fhíorú

Leid 9: Difríocht a dhéanamh

Leid 10: Obair a dhéanamh leis na daltaí maidir le réamhbhréagnú agus bréagnú

Leid 11: Nasc a dhéanamh le Cearta an Duine

Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach ar scoil agus sa seomra ranga: treoir phraiticiúil do mhúinteoirí agus oideoirí

Leid 12: Cumarsáid le comhghleacaithe

Leid 13: Inniúlacht na ndaltaí a mheas

Leid 14: Smaoineamh ar chineál an mheasúnaithe

Leid 15: Scileanna taighde na ndaltaí a mheas

Leid 16: Nasc a dhéanamh le hollscoileanna

1. Brollach

Is díol sásaimh dom na treoirlínte seo do mhúinteoirí agus oideoirí chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn tríd an oideachas agus oiliúint a roinnt libh. Fógraíodh na Treoirlínte seo i mí Mheán Fómhair 2020 mar chuid den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021-2027) agus is céim ríthábhachtach é a gcur i bhfeidhm chun ár ndaoine óga a chumhachtú chun a nguth a fháil ar líne agus iad ag nascadh le daoine eile agus ag cur lenár ndaonlathais bhríomhara.



Le treoraíocht agus tacaíocht ó oideoirí agus ó mhúinteoirí, rannchuidímid le chéile chun cuidiú lenár ndaoine óga a bheith in ann smaoineamh go criticiúil, roghanna feasacha a dhéanamh ar líne agus fanacht sábháilte agus a n-athléimneacht á forbairt ag an am céanna. Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí agus ag oideoirí maidir le scileanna agus inniúlachtaí digiteacha daoine óga a mhúnlú.

Is ar an gcúis sin a bhunaíomar an Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin a bhí mar bhonn eolais do na Treoirlínte seo. Agus thugamar le chéile réimse leathan saineolaithe ón saol acadúil, ón saol iriseoireachta, ón saol craolta, ón tsochaí shibhialta, ó chuideachtaí teicneolaíochta, chomh maith leis an bpobal oideachais agus oiliúna i gcoitinne, chun leas a bhaint as a gcuid eolais agus a dtaithí féin.

Léirítear tiomantas agus paisean an tSainghrúpa seo sna leathanaigh a leanann. Tá na Treoirlínte seo ceaptha lena n-úsáid i seomraí ranga ar fud na hEorpa agus chun cleachtais teagaisc a spreagadh.

Cé gur treoirlínte nua iad na Treoirlínte seo, níor thosaigh muid as an nua, ós rud é go bhfuil cur chun cinn na litearthachta digití agus dul i ngleic leis an mbréagaisnéis go mór chun tosaigh ar chlár oibre polaitiúil an Aontais. Léirítear an méid sin le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta i gcoinne na Bréagaisnéise, an Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus na Straitéise nuashonraithe maidir le hIdirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+). Ar an gcaoi chéanna, laistigh den oideachas agus den oiliúint, leanaimid de bheith ag tacú leis an saineolas a thugtar chun solais trí chlár Erasmus+, tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus trí riomhnascadh. Tógáil ar an obair sin, tá sé i gcroílár ár n-iarrachtaí leanúnacha chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach.

Mar sin féin, tá éileamh soiléir ann freisin chun ról an oideachais agus na hoiliúna a neartú a mhéid a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis. Is é an rún atá agam leis na Treoirlínte seo cuspóirí foghlama, cleachtais oideolaíocha agus gníomhaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'oideoirí i gcáipéis sholáimhsithe amháin ina ndírítear ar an méid atá cruthaithe a bheith ag obair sna seomraí ranga agus ina ndéantar smaointe nua a thairiscint atá dírithe ar mhúinteoirí agus daoine óga a spreagadh.

I mbliana, is í 2022 Bliain Eorpach na hÓige. Agus is iad mianta agus súileachtaí na ndaoine óga don todhchaí a spreagann mé féin agus m'fhoireann chun iarracht leanúnach a dhéanamh beartais a chruthú a dhéanfaidh difear.

Comhlánaítear na Treoirlínte leis an Tuarascáil Chríochnaitheach ón nGrúpa Saineolaithe, ina leagtar béim ar léargais thábhachtacha a nochtadh le linn fhorbairt na dTreoirlínte, príomhthionscnaimh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus forléargas ar na creataí atá ann cheana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do na saineolaithe sa Ghrúpa sin a rinne amhlaidh.

Tá na Treoirlínte seo mar chuid d'aistear níos faide, agus ní stopann ár gcuid oibre anseo. Is cuid den phróiseas iad a bheidh mar bhonn eolais do mhachnamh an Choimisiúin ar an bhfreagairt d'fheiniméan na bréagaisnéise.

Tugaim cuireadh duit a bheith mar chuid den turas seo.

Mariya Gabriel
An Coimisinéir Eorpach um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige



2. Réamhrá

Tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus dul i ngleic le bréagaisnéis i seomraí ranga agus i scoileanna. Tá múinteoirí/oideoirí agus daltaí araon, beag beann ar an leibhéal scoile nó ar an gcineál scoile, anois ag maireachtáil i dtimpeallacht ar líne atá ag éirí níos casta i gcónaí.

Tá i bhfad níos mó le léamh, le cloisteáil agus le feiceáil ná mar a bhí riamh roimhe seo. Cuireann sé seo deiseanna, nach raibh a leithéid ar fáil roimhe seo, ar fáil chun faisnéis a fháil agus cumarsáid a dhéanamh le chéile, laistigh agus lasmuigh de thimpeallacht na scoile araon. Níos agus níos mó tá an saol digiteach ag éirí níos tábhachtaí i réimse na foghlama agus an teagaisc. Níorbh ann tráth ach téacsleabhair agus foinsí clóite agus bhain an fhoghlaim leis an suíomh áitiúil go príomha ach anois, tá domhan an lae inniu ar fáil ar ár méar.

Mar mhúinteoir agus oideoir, tá ról tábhachtach agat cabhrú le daoine óga inniúlachtaí a shealbhú, inniúlachtaí a theastaíonn uathu le bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, saol atá ag éirí níos digití i gcónaí. Nuair a shealbhaítear inniúlachtaí digiteacha faightear deiseanna foghlama nach bhfuil a sárú ann. Beidh tionchar ag teicneolaíochtaí digiteacha ar gach ábhar, agus tá tionchar na dteicneolaíochtaí sin ag éirí níos treise i réimsí gairmiúla agus príobháideacha freisin. Nuair a shealbhóidh daoine óga i do sheomra ranga scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, cabhróidh sé sin leo a bheith ina saoránaigh chumasaithe ghníomhacha sa 21ú haois. Is inniúlachtaí iad sin a fhoghlaimítear agus is é is aidhm do na Treoirlínte seo cabhrú leat tacaíocht a thabhairt do na daltaí[1] ar an gconair sin.

Tagann an fhaisnéis a thagann isteach sa seomra ranga agus i dtithe na ndaltaí ó réimse leathan údar agus áiteanna agus bíonn dearcthaí agus, i gcásanna áirithe, aidhmeanna folaithe ag gabháil leo ar fad. Toisc go mbíonn tírdhreach na meán agus na faisnéise ag athrú de shíor, caithfidh daltaí faisnéis a aimsiú, a bhainistiú, a thuiscint, a chomhtháthú, a chur in iúl, a mheas, a chruthú agus a scaipeadh ar bhealach sábháilte agus freagrach ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Tugtar litearthacht dhigiteach ar an gcumas sin sna Treoirlínte seo. Tá sé tábhachtach go n-éascaíonn tú féin, mar mhúinteoir/oideoir, an próiseas sin.

Cé go bhfuil go leor féidearthachtaí ag baint leis an saol digiteach seo atá ag leathnú i gcónaí, tá go leor dúshlán agus rioscaí ag baint leis na forbairtí nua seo. Leis an bhfaisnéis mhíchruinn a scaipeadh d'aon ghnó nó go neamhurchóideach le linn phaindéim COVID-19 agus le linn ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, cuireadh i gcuimhne dúinn a leochailí atá an daonlathas sa ré dhigiteach. Braitheann tíortha daonlathacha sláintiúla ar phlé oscailte, rannpháirtíocht an phobail agus ar chóras srianta agus ceartúchán. Is féidir dochar a dhéanamh don daonlathas nuair a bhaintear d'fhoinsí eolais le faisnéis mhailíseach, mífhaisnéis agus bréagaisnéis. Sna Treoirlínte seo, dírímid ar bhréagaisnéis go háirithe, cineál faisnéise a thagraíonn d'fhaisnéis is féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach nó mhíthreorach atá ann, a chumtar, a léirítear agus a scaiptear ar mhaithe le brabús nó chun dallamullóg a chur ar an bpobal d'aon ghnó, faisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don phobal. Maidir le cuid mhaith de na moltaí a thugtar chun cabhrú le daltaí tuiscint a fháil ar an méid atá i gceist le bréagaisnéis agus na dinimicí a bhaineann léi áfach, baineann siad leis an gcaoi dul i ngleic le mífhaisnéis freisin.



[1] Úsáidtear an téarma 'dalta' ar fud na dTreoirlínte agus tagairt á déanamh do dhaltaí bunscoile agus daltaí meánscoile araon.

3. Na Treoirlínte a úsáid san oideachas agus san oiliúint

Tugann na Treoirlínte seo treoir nithiúil phraiticiúil do mhúinteoirí/d'oideoirí. Ní thugann siad sainorduithe ná soiléirsí áfach. Is é is aidhm dóibh tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil don teagasc i seomraí ranga agus i socruithe oideachais eile.

Más iad mínithe soiléire ar choincheapa teicniúla, cleachtaí ranga chun fíricí a sheiceáil, an bealach chun nósanna 'maithe' ar líne a spreagadh, nó bealaí chun measúnú a dhéanamh ar do dhaltaí atá uait, beidh rud éigin sna Treoirlínte seo duitse.

Ní bhíonn sé éasca i gcónaí treoir a chur ar fáil chun litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le bréagaisnéis de bharr a thapa a athraíonn cúrsaí teicneolaíochta agus mar a thagann féidearthachtaí nua um chumarsáid dhigiteach agus meáin chun cinn. Ní thugann na Treoirlínte seo réitigh ar na fadhbanna ar fad a d'fhéadfadh a bheith sa seomra ranga ach tá siad dírithe ar chuidiú leis na cuspóirí seo a leanas san oideachas agus san oiliúint:

1. Léargas agus eolas úsáideach a thabhairt maidir le dinimicí agus comharthaí bréagaisnéise, chomh maith leis na saintréithe a bhíonn ag faisnéis inchreidte.
2. Tuiscint a chothú maidir leis an mbealach ar féidir litearthacht dhigiteach a bhaint amach.
3. Faisnéis a chomhroinnt maidir leis an gcaoi chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go criticiúil agus go freagrach.
4. Léargas a thabhairt maidir leis an mbealach ar féidir measúnú a dhéanamh ar dhaltaí i ndáil lena gcuid inniúlachtaí i réimse na litearthachta digití.

Ar mhaithe leis na cuspóirí sin a bhaint amach, is mar a leanas atá struchtúr na chéad ranna eile de na Treoirlínte:

I **Roinn 4** *'Sainmhínithe ar phríomhthéarmaí sna Treoirlínte seo'* tugtar liosta de shainmhínithe ar phríomhchoincheapa a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach agus leis an mbréagaisnéis.

I **Roinn 5** *'An cúlra a thabhairt'* tugtar réamheolas maidir leis na treoirlínte chun seomraí ranga agus scoileanna a dhéanamh níos fabhraí ó thaobh dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus an litearthacht dhigiteach. Baineann an treoir sin, atá bunaithe ar thaighde atá cothrom le dáta agus ar aiseolas ó mhúinteoirí/oideoirí, le ról na múinteoirí/na n-oideoirí agus na ndaltaí, agus le timpeallacht foghlama shábháilte rannpháirtíoch a chruthú, etc.



I **Roinn 6** *'Inniúlacht sa litearthacht dhigiteach a chothú sa seomra ranga agus ar scoil: ag forbairt ina saoránaigh dhigiteacha'* scrúdaítear bacainní agus dúshláin shonracha, cuspóirí foghlama, agus cleachtais spreagúla a bhaineann leis na topaicí sin. Dírítear leis an treoir a thugtar anseo ar an mbealach chun litearthacht dhigiteach a chur chun cinn go héifeachtúil.

I **Roinn 7** *'Bréagaisnéis: Céard atá i gceist leis sin?'* déantar scrúdú ar na cineálacha éagsúla bréagaisnéise agus tugtar treoir maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic léi.

I **Roinn 8** *'Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach ar scoil agus sa seomra ranga:*, tugtar aghaidh ar cheisteanna atá cinnte faoi intinn na múinteoirí/na n-oideoirí go léir — conas measúnú a dhéanamh ar dhaltaí. Tugtar treoir maidir leis an tslí ar féidir measúnú a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach i measc na ndaltaí, agus bealaí chun meastóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh litearthachta digití a d'fhéadfadh do scoil a úsáid.

Tiocfaidh tú ar bhoscaí daite sna Treoirlínte. Cruthaíodh iad sin chun cabhrú le do chuid léitheoireachta. Tugtar leideanna praiticiúla teagaisc agus foghlama sna boscaí **glasa**, tá pleananna gníomhaíochta le haghaidh an teagaisc sna boscaí **gorma**, tá nótaí rabhaidh sna boscaí **dearga** agus tá léargais úsáideacha eile sna boscaí **oráiste**. Tabhair faoi deara nach gciallaíonn nóta rabhaidh go molaimid gur cheart topaicí áirithe a sheachaint, ach gur féidir le roinnt topaicí a bheith níos dúshlánaí agus go bhfuil níos mó ullmhúcháin ag teastáil chun iad a mhúineadh.

Cé dóibh na Treoirlínte seo?

Tá na Treoirlínte ann do réimse múinteoirí agus oideoirí. Tá siad beartaithe do mhúinteoirí/d'oideoirí bunscoile agus meánscoile den chuid is mó. I gcásanna inar féidir, déanann na Treoirlínte idirdhealú maidir leis an méid a mholtar. B'fhéidir go mbeadh ort an treoir a choigeartú i roinnt cásanna chun é a chur in oiriúint do do shuíomh féin. Úsáidimid na téarmaí 'oideoirí' agus 'seomra ranga' agus an chiall leathan i gceist. D'fhéadfadh cuid den ábhar a bheith úsáideach do thuismitheoirí[2] agus/nó do bhaill den phobal chomh maith agus is féidir leis a bheith bainteach leis an bhfoghlaim a tharlaíonn i suíomhanna seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.

Forbraíodh na Treoirlínte seo agus é i gceist go bhféadfá iad a úsáid tú féin, ach má oibríonn tú le comhghleacaithe agus baill eile d'fhoireann na scoile amhail síceolaithe scoile, leabharlannaithe (scoile) agus oibrithe sóisialta scoile, mar shampla, is féidir leis sin a bheith tairbheach freisin agus tuilleadh tionchair a thabhairt do do chuid oibre. Má bhíonn ceannairí na scoile, tuismitheoirí, gairmithe na meán, an tsochaí shibhialta agus an pobal rannpháirteach ann, d'fhéadfadh sé cur leis an méid a tharlaíonn ar scoil. Déantar tagairt in go leor áiteanna sna Treoirlínte do chur chuige den sórt sin.

Mar fhocal scoir, tá súil againn go mbeidh na Treoirlínte seo úsáideach agus go dtacóidh siad leat le do chuid oibre laethúla, chun glúin nua de shaoránaigh Eorpacha dhigiteacha fheasacha chumasaithe rannpháirteacha a spreagadh.



[2] Cumhdaímid leis an bhfocal 'tuismitheoirí', a úsáidtear ar fud an doiciméid seo, cúramóirí eile freisin.

4. Sainmhínithe ar na príomhthéarmaí sna Treoirlínte seo

Úsáidtear go leor téarmaí chun cur síos a dhéanamh ar an méid a dtugann daoine aghaidh air ar líne. Is féidir é a bheith úsáideach sos a ghlacadh agus féachaint ar chuid de na téarmaí sin agus an chiall a bhaineann leo. I gcás cleachtóirí seomraí ranga, d'fhéadfadh na téarmaí a bheith cabhrach sa phlé a bhíonn agat le comhghleacaithe, leis na daltaí agus leis an bpobal. Tógadh na sainmhínithe seo a leanas ó dhoiciméid bheartais agus creataí idirnáisiúnta go príomha ach giorraíodh iad ar mhaithe leis an léitheoireacht.

Algartaim: mar a bhaineann le hardáin dhigiteacha, is uirlisí iad algartaim a roghnaíonn an t-ábhar a thaispeántar d'úsáideoirí bunaithe ar ábharthacht agus roghanna tosaíochta.

Intleacht Shaorga (córais): bogearraí i ríomhairí nó i meaisíní atá ríomhchláraithe chun tascanna, óna dteastaítear faisnéis dhaonna de ghnáth, a dhéanamh, e.g., foghlaim nó réasúnaíocht.

Bota: clár bogearraí uathrialaitheach ar an idirlíon a idirghníomhaíonn le húsáideoirí agus a dhéanann cúraimí réamhshainithe.

Saorbhrionnuithe: meán coigeartaithe a athraíodh le gnáth-theicneolaíocht inacmhainne (e.g. malartú aghaidheanna).

Iriseoireacht saoránaigh: iriseoireacht a dhéanann daoine nach iriseoirí gairmiúla iad, daoine a scaipeann faisnéis ar shuíomhanna gréasáin, blaganna agus na meáin shóisialta.

Clicmhealladh: ábhar arb é is príomhfheidhm dó aird a mhealladh agus cuairteoirí a spreagadh chun cliceáil ar nasc chuig leathanach gréasáin áirithe.

Bréagnú: gníomhaíocht a dhéantar tar éis chruthú agus scaipeadh na bréagaisnéise. Is é is aidhm don ghníomhaíocht sin faisnéis atá curtha ar fáil cheana féin a réiteach agus tagraíonn sé don iarracht soiléiriú a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis bhréagach a cuireadh ar fáil.

Domhainbhrionnuithe: íomhánna, físeáin nó taifeadtaí fuaime arna nginiúint ag Intleacht Shaorga, íomhánna físeáin nó taifeadtaí de dhaoine nó d'imeachtaí nár tharla agus is minic nach féidir iad a idirdhealú nuair a chuirtear i gcomparáid le híomhánna, físeáin agus taifeadtaí fíora iad. Tá siad níos sofaisticiúla ná saorbhrionnuithe.

Saoránacht dhigiteach: an cumas a bheith rannpháirteach go gníomhach, go leanúnach agus go freagrach i dtimpeallachtaí digiteacha (áitiúla, náisiúnta, domhanda, ar líne) ar gach leibhéal (polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus idirchultúrtha).

Lorg digiteach: rianta sonraí arna bhfágáil ag daoine aonair a úsáideann an t idirlíon, lena n-áirítear na suíomhanna gréasáin ar tugadh cuairt orthu, na ríomhphoist a seoladh agus an fhaisnéis eile a roinneadh. Is féidir lorg digiteach a úsáid chun gníomhaíochtaí ar líne agus gléasanna daoine aonair a rianú.

Litearthacht dhigiteach: an cumas faisnéis a aimsiú, a bhainistiú, a thuiscint, a chomhtháthú, a chur in iúl, a mheas, a chruthú agus a scaipeadh ar bhealach sábháilte cuí ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Áirítear leis sin inniúlachtaí ar a dtugtar litearthacht faisnéise agus litearthacht sna meáin, litearthacht ar ríomhairí agus litearthacht ar theicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide freisin. Cumhdaítear faoin litearthacht dhigiteach rannpháirtíocht ghníomhach shibhialta leis an saol digiteach agus cuireann sé saoránacht ghníomhach chun cinn.

Oideolaíocht dhigiteach: úsáid uirlisí digiteacha nuálacha agus cur chuige coincheapúil. Tá sé beartaithe chun tacú leis an bhfoghlaim oiriúnaitheach agus phearsantaithe agus chun cur le dearadh modhanna nua cruthaitheacha foghlama, saibhriú taithí foghlama agus feabhsú torthaí foghlama. Tá sé ráite go bhfuil oideachas oscailte, lena n-áirítear acmhainní oideachais oscailte, tábhachtach don oideolaíocht dhigiteach.

Bréagaisnéis: cineál faisnéise a thagraíonn d'fhaisnéis, is féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach nó mhíthreorach atá ann, a chumtar, a léirítear agus a scaiptear ar mhaithe leis an mbrabús nó chun dallamullóg a chur ar an bpobal d'aon ghnó. Is féidir leis sin dochar a dhéanamh don phobal.

Bothanna macallaí: timpeallachtaí ina dtreisítear tuairim, claonadh polaitiúil, nó prionsabal creidimh úsáideoirí maidir le topaic toisc go mbítear ag síor-idirghníomhú le piaraí nó foinsí eile a bhfuil na tuairimí céanna agus an idé-eolaíocht chéanna acu.

Seiceáil fíricí: an próiseas a bhaineann le fíorú cé acu fíor nó bréagach atá an fhaisnéis.

Bolgán scagtha: cás nuair nach gcloiseann nó nach bhfeiceann daoine nuacht nó faisnéis a thacaíonn lena dtuairimí nó a roghanna tosaíochta féin. Féadfar an éifeacht sin a mhéadú ar líne ag brath ar na daoine nó na leathanaigh a roghnaíonn úsáideoirí a leanúint nó nasc a dhéanamh leo, chomh maith le halgartaim a thaispeánann ábhar atá bunaithe ar iompar ar líne, roghanna tosaíochta, agus socruithe roimhe sin.

Faisnéis mhailíseach: faisnéis atá ceart go fíorasach agus a úsáidtear chun dochar a dhéanamh.

Litearthacht meán agus eolais: an cumas faisnéis a thuiscint chun leasa an phobail; an cumas dul i ngleic le faisnéis, leis na meáin agus leis an gcumarsáid dhigiteach go criticiúil chun bheith rannpháirteach i spriocanna forbartha inbhuanaithe; agus an cumas tairbhe iomlán chearta bhunúsacha an duine a lorg agus a bheith aige nó aici.

Litearthacht sna Meáin: an cumas rochtain a fháil ar na meáin, chun gnéithe éagsúla de na meáin agus comhthéacsanna na meán a thuiscint agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthu agus cumarsáid a chruthú i raon comhthéacsanna éagsúla.

Méim: íomhá, físeán, píosa téacs, etc. a bhíonn greannmhar de ghnáth agus a chóipeálann agus a scaipeann úsáideoirí an idirlín go gasta, tar éis athruithe beaga a dhéanamh ar an méim go minic.

Mífhaisnéis: faisnéis a scaiptear, faisnéis is féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach atá ann, ach ní hé is aidhm dó daoine a chur amú. Is minic a roinntear an cineál faisnéise sin toisc go gcreideann an t úsáideoir go bhfuil sé fíor.

Fioscaireacht: ionsaí arb é is aidhm dó airgead nó céannacht duine a ghoid, trí bhíthin dallamullóg a chur ar dhuine ionas go nochtfaidh sé nó sí faisnéis phearsanta - amhail uimhreacha cárta creidmheasa, faisnéis bhainc, nó pasfhocail - ar shuíomh gréasáin a bhfuil cuma dhlisteanach orthu.

Réamhbhréagnú: argóint áititheach a bhréagnú sula ndéantar an argóint a scaipeadh.

Foinse: tús bunaidh nó bunús píosa faisnéise.

Troll: duine a dhéanann iarracht d'aon ghnó chun daoine a mhaslú nó a ionsaí trí thráchtanna maslacha a phostáil. Feirmeacha troll nó Monarchana troll, is é atá i gceist leo sin grúpa institiúidithe troll ar an idirlíon arb é is cuspóir dóibh cur isteach ar thuairimí polaitiúla agus cinnteoireacht.

Fíorú: an próiseas lena gcinntear an mbíonn suíomh, seoladh, cuntas nó faisnéis barántúil agus fíor.



5. An Cúlra a Thabhairt

Tugann an roinn seo treoir maidir leis an mbealach chun timpeallacht foghlama a chruthú, ceann atá fabhrach chun cabhrú le daltaí a bheith in ann an saol digiteach a thuiscint agus chun cabhrú leo inniúlachtaí a fhorbairt, inniúlachtaí a theastaíonn uathu chun a bheith stuama maidir le mífhaisnéis, faisnéis mhailíseach agus bréagaisnéis, go háirithe.

Tá sé dírithe ar mhúinteoirí agus oideoirí go ginearálta agus baineann sé le leibhéil éagsúla scoile (mar shampla, bunscoileanna agus meánscoileanna). Gheobhaidh tú leideanna agus treoir maidir leis an gcaoi chun dúshláin a d'fhéadfadh teacht aníos a shárú, chomh maith le pleananna éagsúla gníomhaíochta is féidir a bheith spreagúil i ndáil le do chuid teagaisc. Baineann an chomhairle a thugtar le trí phointe sa timthriall oideachais - **roimh ghníomhaíochtaí sa seomra ranga, lena linn agus ina ndiaidh.**

Teagasc agus foghlaim i dtimpeallacht na scoile digití

Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach a rá nach bhfuil gá le bheith i do saineolaí teicneolaíochta chun cabhrú leis na daltaí litearthacht dhigiteach a bhaint amach. Beag beann ar an teicneolaíocht atá ar fáil i do sheomra ranga, is féidir leat na daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa díospóireacht níos leithne maidir leis na deiseanna agus rioscaí iomadúla a bhaineann leis an saol digiteach, chomh maith lena úsáide atá sé measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht na faisnéise a aimsíonn siad.

Amhail aon chineál teagaisc éifeachtaigh, tá sé tábhachtach spás sábháilte a chruthú do dhaltaí ionas gur féidir leo a gcuid tuairimí a chur in iúl agus a bheith páirteach san fhoghlaim ghníomhach. Is mór ag daltaí nuair a mhothaíonn siad go bhfeictear iad agus go n-éistear leo, go háirithe nuair is iad a gcomhdhaltaí agus a múinteoirí atá i gceist, agus is maith leo a bheith cumasaithe chun a bheith eolach sa saol digiteach, áit arbh fhéidir leo a bheith páirteach cheana féin. Is féidir leis an saol digiteach an deis a thabhairt do dhaltaí go leor faisnéise a aimsiú, tuairimí iomadúla i ndáil le topaic a chloisteáil agus cumarsáid a dhéanamh beag beann ar bhaic gheografacha, theanga, chultúrtha agus chreidimh. Mar sin féin, is iondúil nach bhfuil na hinniúlachtaí ná an tuiscint acu chun lántairbhe a bhaint as an méid atá ar fáil dóibh agus chun bagairtí féideartha a aithint.

Is cinnte go bhfuil go leor modhanna agat a úsáideann tú nuair a oibríonn tú leis na daltaí ar shaincheisteanna dúshlánacha ar féidir a bheith conspóideach. Léirítear i **mBosca 1** thíos roinnt modhanna oideachais a d'fhéadfadh a bheith ar eolas agat cheana. Tá léirithe acu gur féidir leo a bheith úsáideach i réimse na litearthachta digití.

Bosca 1: Teagasc agus foghlaim i dtimpeallacht na scoile digití – roinnt modhanna úsáideacha

Tá na modhanna teagaisc agus foghlama seo a leanas seanbhunaithe agus is féidir leo a bheith spreagúil i ndáil le do chuid oibre.


Curaclam Bíseach. Is féidir aon ábhar, litearthacht dhigiteach san áireamh, a mhúineadh do dhaltaí d'aon aois scoile nuair a úsáidtear an modh teagaisc cuí. Is cur chuige é ina gcuirtear príomh-choincheapa i láthair arís agus arís eile le linn an phróisis foghlama, ach éiríonn sé níos doimhne agus níos casta, nó cuirtear i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla iad. Nuair a úsáidtear cur chuige den sórt sin, is féidir coincheapa, a choinnítear siar do phointe níos déanaí de ghnáth, a thabhairt isteach.

An seomra ranga iompaithe. Straitéis foghlama cumaisc phiarthreoraithe a mhéadaíonn rannpháirtíocht agus foghlaim na ndaltaí trí na meáin a úsáid, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Is iondúil go ndéanann daltaí léitheoireacht sa bhaile agus go mbíonn siad ag réiteach fadhbanna sa seomra ranga.

Teagasc cumaisc. Ba chor cinniúna é paindéim COVID-19 i ndáil leis an oideachas agus athrú ón seomra ranga go dtí an chianfhoghlaim. Is féidir leis an bhfoghlaim chumaisc teagasc aghaidh ar aghaidh agus teagasc ar líne a chomhtháthú ina eispéireas comhtháite amháin.

Foghlaim trí ghníomhaíocht. I gcúrsaí oideachais, is cur chuige é sin atá bunaithe ar an tuairim go bhfoghlaimímid níos mó nuair a "dhéanaimid féin" an ghníomhaíocht.

Foghlaim bunaithe ar chluichí agus cluichiú. Baineann modhanna den sórt sin le húsáid straitéisí cluichíochta (cluichiú) nó le húsáid cluichiú ar líne agus as líne (foghlaim bunaithe ar chluichí) chun an fhoghlaim a fheabhsú agus é a dhéanamh níos taitneamhaí do dhaoine. Is iad cluichí oideachasúla chun feasacht a ardú maidir le claontacht na meán sampla de seo.



Is gnách go dtugann uirlisí digiteacha roinnt mhaith saoirse do dhaltaí, mar shampla, nuair a úsáideann siad gléasanna digiteacha chun rochtain a fháil ar fheidhmchláir, cumarsáid a dhéanamh ar na meáin shóisialta nó an t idirlíon a bhrabhsáil. Mar gheall ar an tsaoirse sin, d'fhéadfadh daltaí teacht ar chuid mhór faisnéise a chuireann lena gcuid oideachais. D'fhéadfaidís a bheith páirteach in iompar digiteach neamhábhartha, neamhoiriúnach nó contúirteach áfach mar thoradh air sin. Príomhdhúshlán duit féin mar mhúinteoir/oideoir, dá bhrí sin, is ea cabhrú le daltaí fanacht amach ó iompar dochrach ar líne agus cabhrú leo an féinfhios agus na scileanna chun é sin a dhéanamh astu féin a shealbhú.

Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar an éagsúlacht atá sa seomra ranga, i dtéarmaí cúlraí na ndaltaí, a dtuairimí agus a dtuairimí ar chúrsaí an tsaoil. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear roinnt léargas a thabhairt do na daltaí roimh ré maidir le ceist na ndeiseanna agus na mbagairtí digiteacha agus bunrialacha a shocrú don phlé (mar shampla níl cead le hionsaithe pearsanta ná 'úinéireacht tuairimí' tríd an bhfoirm 'mé' a úsáid) . Is cabhair é fios a bheith agat cén tuairim atá ag na daltaí (agus an piarghrúpa) maidir le saincheisteanna áirithe sula dtugann tú aghaidh orthu sa seomra ranga, fad a choinnítear i gcuimhne gur féidir go leor éagsúlachta a bheith ann. Tá sé úsáideach freisin más féidir leat tuiscint a fháil ar na foinsí nuachta agus faisnéise agus na meáin shóisialta a úsáideann siad. Cad iad na meáin agus na hardáin ar líne a úsáideann daltaí agus cad a cheapann siad fúthu? B'fhéidir go mbeadh ort tathant orthu chun an fhaisnéis sin a fháil agus bíonn gá le freagraí gan ainm uaireanta. Bíonn sé úsáideach freisin measúnú a dhéanamh ar an méid tuisceana atá ag daltaí cheana féin maidir le saincheisteanna amhail socruithe príobháideachais, rialacha agus rialúcháin pobal digiteach, an méid atá dleathach agus neamhdhleathach, etc. (féach Roinn 8 freisin).

Toisc gur féidir le daltaí teacht ar fhaisnéis bhréagach a d'fhéadfadh a bheith dochrach ar líne, is ceart a bheith ullamh chun comhrá a dhéanamh leo maidir leis an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith conspóideach dóibh, dá gcomhdhaltaí, nó dá bpobail. Tuigtear leis sin gur cheart a bheith ullamh chun plé le mothúcháin agus iompar neamhréasúnta. D'fhéadfadh sé a bheith go maith freisin plé níos ginearálta a dhéanamh leis na daltaí ar dtús, maidir leis an méid atá feicthe acu sna meáin le déanaí, rudaí a d'fhéadfadh a bheith conspóideach.

Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Iarr ar dhaltaí uirlisí digiteacha a úsáid go rialta mar chuid dá gcuid foghlama chun críoch éagsúil.
- Do chuid ama léachtóireachta a theorannú agus níos mó modhanna idirghníomhacha a úsáid amhail an modh Sócraitéach foghlama, fiosrúcháin agus foghlaim fadhb-bhunaithe agus modheolaíochtaí éagsúla um fhoghlaim chomhoibríoch chomhpháirteach.
- Imní agus maíomh gach dalta a phlé go dáiríre, agus deimhin a dhéanamh de go léirítear meas ar a gcuid tuairimí.
- Riachtanais speisialta, imní, láidreachtaí agus laigí grúpa daltaí a mbeidh tú ag obair leo a aithint agus iad sin a úsáid mar thúsphointe foghlama.
- Éagsúlacht sa ghrúpa a fhorbairt, i dtéarmaí cúlra agus tuairimí araon. Beidh saibhreas ann dá bharr sin. Roghnaigh modhanna oibre a chuireann béim ar an éagsúlacht sin.
- Cúrsaí príobháideachais a phlé le daltaí agus déan cinnte go dtuigeann siad an méid atá i gceist leis agus conas é a chosaint. Tá príomhról ag saincheisteanna príobháideachais sa phlé maidir le litearthacht dhigiteach.
- Cuimhnigh go mbeidh cabhair uait ag teastáil ó na daltaí chun faisnéis inchreidte a aimsiú ar líne, ach caithfidh siad scileanna den sórt sin a shealbhú iad féin freisin.
- Cuimhnigh go bhfoghlaimíonn daoine óga go leor ó dhaoine óga eile. Is féidir le straitéisí piarfhoghlama a bheith éifeachtach ar fud an speictrim iomláin oideachais, agus nuair a úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha. Tuigtear uaidh sin go nglacann tú ról an éascaitheora in ionad ról an mhúinteora. Teastaíonn do chuid treorach mar mhúinteoir chun piarfhoghlaim a bhaint amach.
- Cuimhnigh go bhfoghlaimíonn daoine óga go leor dá gcuid nósanna ar líne ar aois óg agus i dtimpeallacht an bhaile.
- Imeachtaí reatha áitiúla nó domhanda a úsáid mar spreagadh do ghníomhaíochtaí. Go hiondúil, a nuaí an fhaisnéis, is ea is suimiúla a bhíonn sé agus beidh níos mó spreagtha ag na daltaí.
- Conas an comhthéacs, an creat agus an cur chuige ceart a roghnú do sheomra ranga agus an topaic a léiriú. Cé chomh spreagtha atá na daltaí roimh ré? Bíonn leisce ar roinnt ógánach páirt a ghlacadh i bplé maidir le saincheisteanna conspóideacha sóisialta agus polaitiúla.
- Na rialach is iomchuí do gach seomra ranga. Ní i gcónaí a oireann an t-ábhar céanna do gach grúpa. Déan na rialacha in éineacht leis na daltaí nuair is féidir leat. Tugann sé úinéireacht dóibh.
- Do chuid smaointe a chomhroinnt agus a phlé le múinteoirí/oideoirí eile.



[3]Ar shamplaí tá: 'Sílim...', 'Creidim...', 'Mothaím...', 'Aontaím...'

Treoir agus leideanna – roimh na gníomhaíochtaí scoile agus seomra ranga, lena linn agus ina ndiaidh

Chun taithí foghlama dhearfach a chur chun cinn agus chun torthaí nach raibh beartaithe a sheachaint, amhail coinbhleacht agus deighilt, nuair a mhúintear litearthacht dhigiteach agus láidreacht in aghaidh bréagaisnéise, is féidir é a bheith úsáideach smaoineamh ar an méid seo a leanas roimh na ceachtanna, lena linn agus ina ndiaidh.

Leid 1: Páirt a thabhairt do dhaltaí

Má tá daltaí ann a d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach plé leo, smaoinigh ar pháirt a thabhairt dóibh in ullmhú na ngníomhaíochtaí agus tabhair roinnt cúraimí nó freagrachtaí dóibh. D'fhéadfaidís ionadh a chur ort ar bhealach dearfach.

Leid 2: Páirt a Thabhairt do Thuismitheoirí




Bíonn an-éagsúlacht ann i ndáil le rannpháirtíocht tuismitheoirí. Uair mhaith chun cumarsáid a dhéanamh leo is ea an chéad chruinniú tuismitheoirí is múinteoirí/oideoirí sa bhliain, uair a thagann go leor tuismitheoirí de ghnáth. Má chuireann tuismitheoirí ina aghaidh, tá sé tábhachtach go mbeadh comhghuaillithe sa scoil chomh maith, amhail stiúrthóir na scoile.

Nóta Rabhaidh: Saincheisteanna Conspóideacha

Go minic, bíonn sé an-úsáideach Saincheisteanna Conspóideacha a phlé leis na daltaí, go háirithe nuair atá tagairt á déanamh don bhréagaisnéis, ach d'fhéadfadh níos mó ama agus níos mó cúraim a bheith ag teastáil. Seo a leanas roinnt samplaí:

- COVID-19 agus vacsaíní
- Ionradh na Rúise ar an Úcráin
- Stair agus cásanna reatha na héagóra
- Coireacht agus pionós
- Saincheisteanna a bhaineann le hinscne agus éagsúlacht ghnéis
- Imirce, mionlaigh, ciníochas agus creideamh
- An t-athrú aeráide agus téamh domhanda
- Coilíneachas, sclábhaíocht, frith-Sheimíteachas, séanadh an Uileloiscthe
- Topaicí íogaire náisiúnta



Roimh na Gníomhaíochtaí

Cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara na scoile

Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Do chuid pleananna a phlé le lucht bainistíochta na scoile sula ndéanann tú teagasc maidir le topaic íogair nó conspóideach.
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí trí bhealaí seanbhunaithe idir an scoil agus tuismitheoirí, agus i gcás inar féidir, iarrachtaí a chomhardú sula bpléitear saincheisteanna polaitiúla nó íogaire a bhaineann leis an saol ar líne, saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht aníos i gcomhráite i dtithe na ndaltaí (féach Leid 2).
- Obair a dhéanamh i gcomhpháirt le síceolaí na scoile nó oibrí sóisialta na scoile i gcás a mbeadh gá le tacaíocht speisialaithe (e.g., i gcás ina maslaíonn daltaí a chéile nó ina gcuireann topaic isteach go mór ar mhothúcháin daltaí).



Cuir aithne ar thírdhreach na litearthachta digití

Mar thúsphointe, d'fhéadfá léargas a fháil ar na nósanna meán atá ag an bpobal ina bhfeidhmíonn an scoil. Is féidir deiseanna a chruthú chun patrúin atá ann cheana a fhorbairt ar an gcaoi sin. Is féidir freastal ar imeachtaí idir an scoil agus an pobal, súil a choinneáil ar na meáin áitiúla agus meáin eile atá coitianta i measc an phobail, agus plé a dhéanamh le comhghleacaithe, tuismitheoirí agus daltaí chun é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh tuairimí a bheith ag foghrúpaí áirithe sna pobail, foghrúpaí ag a bhfuil tuairimí radacacha (ionghrúpa), tuairimí a d'fhéadfaí a nochtadh gan choinne sa seomra ranga. Tá sé úsáideach a bheith feasach maidir leis na híogaireachtaí sin.

Cé go bhfuil réimse na litearthachta digití sách nua, bhí go leor tionscnamh ann le cúpla bliain anuas a d'fhéadfadh cur le do chuid teagaisc agus foghlaim na ndaltaí a shaibhriú. Mar shampla:

- Tá líonraí idirnáisiúnta múinteoirí agus oideoirí ann ag a bhfuil spéis agus taithí maidir le teagasc na litearthachta digití agus dul i ngleic le bréagaisnéis. Is iondúil go mbíonn siad saor in aisce agus le fáil ar an idirlíon.
- Rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail an Coimisiún Eorpach, UNESCO, ECFE, Comhairle na hEorpa, an tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU), UNICEF, agus Aontais na Meán acmhainní, líonraí agus treoirlínte a fhorbairt lena bhféadfaí do chuid oibre a shaibhriú.
- Bíonn iriseoirí gairmiúla agus eagraíochtaí iriseoirí páirteach i dtionscnaimh éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá seans ann go bhfuil roinnt iriseoirí áitiúla páirteach cheana féin. Is féidir tagairtí do chuid mhór díobh sin a fháil sa tuarascáil – sna hiarscríbhinní go háirithe – a forbraíodh chun na Treoirlínte seo a chomhlánú .
- D'fhéadfá leas a bhaint as fiosrúchán a dhéanamh maidir leis na nithe a d'fhéadfadh an rialtas áitiúil nó náisiúnta a dhéanamh chun tacú le litearthacht dhigiteach na ndaltaí, chomh maith le hiarrachtaí agus cláir ó eagraíochtaí sochaí sibhialta.
- Tá leabharlanna áitiúla an-ghníomhach sa réimse sin agus is féidir leo gníomhaíochtaí a chur ar fáil don phobal.

Bosca 2: Páirt a thabhairt do ghníomhaithe seachtracha, amhail iriseoirí gairmiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, acadóirí agus ardáin – buntáistí agus míbhuntáistí/rioscaí féideartha do scoileanna agus múinteoirí/oideoirí

Ní gá duit an litearthacht dhigiteach a theagasc gan tacaíocht agus is féidir leat cláir tríú páirtí fhíorúla agus/nó fhisiciúla (e.g. ón tsochaí shibhialta) a thabhairt isteach sa teagasc.

Buntáistí Féideartha

- Is féidir le daoine seachtracha eolas agus saineolas breise a thabhairt isteach
- Tugann daoine seachtracha deiseanna do mhúinteoirí agus d'oideoirí líonraí a fhorbairt le gairmithe
- Bíonn taithí leathan ag daoine seachtracha ar bheith ag obair le scoileanna
- Bíonn taithí fianaisebhunaithe agus taithí phraiticiúil ón réimse ag daoine seachtracha
- Bíonn taithí ag acadóirí/ollscoileanna conas meastóireacht a dhéanamh ar an méid 'a oibríonn' agus 'cén fáth'
- Is féidir daltaí a spreagadh nuair a thugtar daoine seachtracha isteach

Míbhuntáistí nó Rioscaí Féideartha

- Riarachán breise, e.g. maidir le cúrsaí lóistíochta agus bíonn cead ag teastáil ó lucht bainistíochta na scoile agus ó dhaoine eile
- D'fhéadfaí an tsolúbthacht sa phleanáil a theorannú dá bharr
- D'fhéadfadh costais eacnamaíocha eascairt as
- D'fhéadfadh tríú páirtithe iarracht a dhéanamh chun leasanna tráchtála, bailiúcháin sonraí nó polaitiúla a chur chun cinn

Is féidir leat dul ar líne agus fáil amach cad iad na cineálacha eagraíochtaí a bhfuil acmhainní forbartha acu le haghaidh scoileanna agus don teagasc.



Smaoinigh ar an méid a leanas:

- Gníomhaíochtaí scoile a nascadh le príomhlíonraí agus príomh-imeachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta. Ar an leibhéal idirnáisiúnta is féidir an méid a leanas a chur san áireamh: an Lá um Idirlíon Níos Sábháilte (gach Feabhra), Lá Idirnáisiúnta Seiceála Fíricí (an 2 Aibreán) nó feachtais feasachta (Seachtain Eorpach um Litearthacht sna Meáin, Seachtain Dhomhanda UNESCO um Litearthacht Meán agus Faisnéise). Ligtear do mhúinteoirí/oideoirí agus scoileanna nascadh le múinteoirí/oideoirí agus scoileanna eile ar fud na hEorpa leis an líonra ríomhnasctha. Ba é 'Litearthacht sna Meáin agus Bréagaisnéis' an téama bliantúil a bhí ann in 2021. Mar chuid de sin bhí comhdháil shuaitheanta agus leabhar ríomhnasctha ina raibh dea-chleachtais maidir leis an topaic.
- Maoiniú áitiúil, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta a lorg do do thionscnaimh. Ar leibhéal na hEorpa, áirítear leis sin Clár Erasmus + agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.


Leid 3: Dul i ngleic le saincheisteanna conspóideacha

Nuair a théitear i ngleic le saincheisteanna conspóideacha, is féidir leis sin an fhoghlaim a shaibhriú agus smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn. Cad iad na topaicí is conspóidí sa seomra ranga agus tú ag teagasc? Cad faoi do chomhghleacaithe? Cén taithí atá acu siúd maidir leis an teagasc faoi shaincheisteanna conspóideacha? An féidir libh acmhainní úsáideacha a roinnt lena chéile? An féidir gníomhaíochtaí a leathnú go comhoibríoch ar fud na n-ábhar scoile? An bhfuil cead cuireadh a thabhairt do 'shaineolaithe' cur i láthair a dhéanamh sa seomra ranga nó i dtionóil (ar an láthair nó go cianda)?

Is tusa an duine is fearr chun a roghnú cé acu a bhíonn an plé sa seomra ranga sách éadrom nó níos doimhne. Braithfidh sé sin ar aois na ndaltaí agus an taithí atá acu ar dhul i ngleic le saincheisteanna conspóideacha.

Nuair a phléitear saincheisteanna conspóideacha, is féidir é a bheith úsáideach tús a chur leis an rang le ceisteanna nach bhfuil chomh conspóideach céanna agus ansin dul i dtreo na saincheisteanna atá níos conspóidí. Ligfidh sé sin duit freagraí na ndaltaí a mheas, agus a thuiscint cé acu atá nó nach bhfuil siad réidh agus compordach saincheisteanna níos íogaire a phlé (féach freisin Plean Gníomhaíochta 12 ar Theoiricí comhcheilge).

Is féidir atmaisféar a chruthú le modheolaíochtaí idirghníomhacha, an cineál atmaisféir a rachaidh chun tairbhe an ranga nuair a phléitear saincheisteanna conspóideacha. I measc na modheolaíochtaí sin tá plé ciúnais, línte tuairimí, gníomhaíochtaí éisteachta gníomhaí, sainphlé oscailte, treoir choimpléascach, rólghlacadh, agus foghlaim chomhoibríoch. Cabhraíonn modheolaíochtaí den sórt sin chun daltaí, a d'fhéadfadh leadrán a bheith orthu nó neamhshuim acu ann, a spreagadh chun páirteach a ghlacadh.



Atmaisféar saibhir foghlama a chothú sa seomra ranga

Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Feasacht a bheith agat ar an méid seo a leanas: nithe a d'fhéadfadh dalta a spreagadh go síceasóisialta cur in aghaidh an phlé, íogaireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí áirithe, íogaireachtaí pobail agus deighilt shochaíoch; chomh maith leis sin, smaoinigh faoi do sheasamh, do mhothúcháin agus do chuid íogaireachtaí féin.
- Smaointe agus tuairimí a bhailiú ó dhaltaí sula dtosaítear ar thopaic a phlé. Ní gá do dhaltaí a n-ainmneacha a chur leo.
- Má tá daltaí ann a d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach plé leo, smaoinigh ar pháirt a thabhairt dóibh in ullmhú na ngníomhaíochtaí agus tabhair roinnt cúraimí nó freagrachtaí dóibh.
- Iontaoibh a chothú sa seomra ranga. Féadfaidh iontaoibh a bheith ina fachtóir ríthábhachtach a ligfidh do na daltaí (agus don mhúinteoir) a bheith níos compordaí lena chéile nuair a phléitear topaicí íogaire conspóideacha. D'fhéadfadh roinnt daltaí a mheas nach bhfuil topaicí áirithe oiriúnach ach amháin do phlé ionghrúpa (idir daltaí) agus b'fhearr leo gan tuairimí a roinnt. Má tá iontaoibh chomhpháirteach ann, d'fhéadfadh sé sin an imní sin a mhaolú.
- Plé níos íogaire a dhéanamh tar éis pobal ranga a fhorbairt. Is fearr topaicí conspóideacha a phlé i dtimpeallacht oscailte ina mothaíonn daltaí sábháilte, agus go bhfeictear iad agus go n-éistear leo.
- Tús a chur leis an bplé le cumarsáid a bhfuil script agat dó agus ansin cumarsáid níos scaoilte oscailte a dhéanamh bunaithe ar atmaisféar agus dinimicí an tseomra ranga
- Tús a chur leis an bplé le hidirghníomhaíochtaí duine le duine (múinteoir agus dalta; dalta agus dalta), agus ansin bogadh ar aghaidh chuig idirghníomhaíochtaí laistigh de ghrúpaí beaga agus ansin go dtí idirghníomhaíochtaí leis an rang ar fad.
- Nuair a úsáidtear foghlaim dírithe ar an dalta, tugtar spleáchas agus úinéireacht do na daltaí maidir leis an méid a fhoghlaimíonn siad.

Plean Gníomhaíochta 1: Dul i ngleic le bréagaisnéis

Is gníomhaíocht í seo a leanas is féidir a dhéanamh i gceacht 45 nóiméad.

Is gníomhaíocht í seo a leanas is féidir a dhéanamh i gceacht 45 nóiméad).

Fiafraigh de gach dalta, duine ar dhuine, ag tús an cheachta conas a mhothaíonn siad. Éist go cúramach lena bhfreagraí. Freagair go neodrach do na freagraí agus ná habair ach: 'Go raibh maith agat.' Ní mór do na daltaí eile a bheith ag éisteacht agus fanacht ciúin. Leag síos an t ord ina gcuirfear an cheist ar na daltaí go randamach.

Réamhrá (thart ar 5 nóiméad)


Tabhair smaoineamh nó taithí phearsanta atá agat a bhaineann leis an mbréagaisnéis nó nasc chuig mír nuachta bréagaisnéise. Ag deireadh an réamhrá ghairid cuir ceist maidir leis an mbréagaisnéis, amhail 'cé chomh tromchúiseach is atá an bhréagaisnéis seo, meas tú?' nó 'céard is aidhm don bhréagaisnéis seo, meas tú'?

Plé múnlaithe (thart ar 25 nóiméad)

Scaip píosaí beaga páipéir. Tabhair 90 soicind do na daltaí freagra gearr ar do cheist a chur le chéile. Abair leo go mbeidh orthu a bhfreagraí a léamh os ard. Roghnaigh beirteanna go randamach ansin. Iarr ar an gcéad dalta sa bheirt an cheist a chur ar an dara dalta. Léann an dara dalta a f(h)reagra amach. Malartaíonn siad róil ansin. Lean ort ag cur beirteanna le chéile go dtí go bhfuil freagra gach dalta cloiste. Má tá líon na ndaltaí corr, cuir tú féin i gceann de na beirteanna. Má tá am breise ann, iarr orthu a gcuid smaointe a léiriú maidir leis an méid a tharla.

Seiceáil amach (thart ar 8 nóiméad)

Fiafraigh de gach dalta, duine ar dhuine, ag deireadh an cheachta ar fhoghlaim siad aon rud sa cheacht. Úsáid na prionsabail seiceála isteach.



Plean Gníomhaíochta 2: Foghlaim faoi ildearcthaí le foinsí iomadúla

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: glacfaidh an ghníomhaíocht seo thart ar 3x45 nóiméad

Ceacht 1: Aimsigh imeacht staire a bhféadfaí féachaint air ar bhealaí éagsúla, ag brath ar cé acu taobh lena mbaineann tú (dhá thaobh nó níos mó). I measc na samplaí tá cogaí saoirse éagsúla, Cogadh Saoirse Mheiriceá, an Chéad Chogadh Domhanda, an choinbhleacht i dTuaisceart Éireann, an cogadh sna Balcáin sna 1990idí.

Tabhair dhá insint ghearra ar leithligh do na daltaí (nó iarr orthu dhá insint ar leithligh a aimsiú ar líne) maidir leis an gcoinbhleacht. Iarr ar gach grúpa idir 5 agus 10 bhfoinse a fháil ar líne ina dtugtar faisnéis maidir leis an gcoinbhleacht – ó thaobhanna difriúla más féidir (d'fhéadfaí go mbeadh cúnamh uathu). Iarr orthu tuairisc ghairid a thabhairt don rang ar na foinsí sin. Cuir na foinsí i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.

Tabhair ráiteas amhail an ceann a leanas dóibh: 'Príomhchúis na coinbhleachta ab ea teip X cearta iomlána an duine a thabhairt do na daoine a bhí ina gcónaí in Y'.

Ceacht 2: Cruthaítear dhá ghrúpa: iad siúd a aontaíonn leis an ráiteas agus iad siúd nach n-aontaíonn. An rud is éasca ná iad a chur i ngrúpaí – cuirtear leath díobh sa ghrúpa 'a aontaíonn' agus cuirtear an leath leis sa ghrúpa 'a easaontaíonn'.

Úsáideann gach dalta na 5-10 bhfoinse ar líne atá aimsithe ag an ngrúpa chun dhá argóint láidre ar son an ráitis, nó ina aghaidh, a fhorbairt. Bailíonn na daltaí an fhianaise agus scríobhann siad amach é. Déanann siad é sin astu féin ar dtús – an chéad leath den cheacht. Ansin oibríonn siad le chéile i bhfoghrúpaí beaga ina bhfuil gach duine ar aon intinn (idir ceathrar agus seisear i ngach grúpa) agus roinneann siad a n-argóintí. Cruthaíonn gach foghrúpa póstaer digiteach ar a bhfuil na cúig phríomh-argóint atá acu.

Ceacht 3: Cuireann na grúpaí snas ar na póstaeir agus cuireann siad i láthair an ranga iomláin iad. Tugann na daltaí uile rátáil do gach ceann de na hargóintí éagsúla (idir 1 agus 10) agus pléann siad na fáthanna ar thug siad na scóir sin, bunaithe ar an bhfianaise a fuair siad sna foinsí go háirithe. Is féidir an scóráil a dhéanamh le huirlisí ar líne freisin. Pléigh an dá thaobh den scéal i ngrúpaí beaga nua agus déan iarracht an bealach is fearr a chinneadh chun an tsaincheist chonspóideach a thuiscint. Déan machnamh ar cé acu an féidir na hargóintí agus na frith-argóintí a chomhtháthú nó nach féidir. An bhfuil réiteach ann áit éigin idir an dá argóint? An féidir leo teacht ar chomhaontú?

Mar mhalairt air sin, is féidir réimse modheolaíochtaí a úsáid chun daltaí a spreagadh chun an tsaincheist a phlé - e.g. siúlóid gailearaí (fíorúil), modh Sócraiteach, díospóireacht thraidisiúnta, sainphlé oscailte, díospóireacht chroscheistiúcháin agus díospóireacht acadúil.

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: beidh ort go leor stiúrtha a dhéanamh, mar mhúinteoir/oideoir, má úsáideann tú an cur chuige sin.

I rith na ngníomhaíochtaí

Smaoinigh ar an méid a leanas....

- Atmaisféar oscailte tacúil sa seomra ranga a chur ar bun agus a choinneáil.
- An tslí a dtugann tú comhthéacs na saincheisteanna. Is féidir é sin a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun iad a dhéanamh ábhartha do dhaltaí.
- Dialann phearsanta a choinneáil maidir leis an mbealach a bhfreagraíonn daltaí do do chuid teagaisc maidir le saincheisteanna dúshlánacha conspóideacha. D'fhéadfaidís dialanna den sórt sin a choinneáil freisin chun a chuid smaointe a bhreacadh síos.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhreagraí mothúchánacha sa seomra ranga agus an fhéidearthacht íogaireachtaí atá ag daltaí áirithe a aimsiú. D'fhéadfadh tuairimí radacacha a bheith ag roinnt daltaí, cinn a nochtann siad gan choinne sa seomra ranga.
- Súil a choinneáil amach le haghaidh claonadh ionghrúpa-asghrúpa. Measann daoine óga agus daoine fásta go bhfuil an úsáid a bhaineann an grúpa eile as na meáin dhigiteacha 'míchuí' uaireanta agus is féidir leo é sin a úsáid mar bhunús steiréitíopáil dhiúltach an ghrúpa eile.
- Monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh do chuid gníomhaíochtaí dinimicí ionghrúpa in aghaidh asghrúpa a threisiú a thuilleadh, idir tú féin agus na daltaí, agus i measc na ndaltaí.
- Seiceálacha a dhéanamh le daltaí áirithe a mhéid is féidir, go háirithe nuair a dhéantar plé ar shaincheisteanna conspóideacha agus nuair a iompraíonn daltaí go míchuí.
- Dea-shampla a thabhairt. Má tá tú compordach lena leithéid, dá roinnfeá roinnt samplaí pearsanta maidir leis an tslí a bhforbraíonn tú do litearthacht dhigiteach féin mar dhuine (nó mar mhúinteoir/oideoir) agus/nó an tslí ar tháinig tú ar bhréagaisnéis, d'fhéadfá na daltaí a chur ar a suaimhneas chun a gcuid taithí féin a roinnt.
- Cothromaíocht a bhaint amach idir seomra ranga oscailte agus spás sábháilte. I seomra ranga oscailte is féidir le daltaí an méid atá ar a n-intinn acu agus a ndearcthaí agus a dtuairimí a chomhroinnt go hoscailte. D'fhéadfadh sé sin dalta eile nó grúpa daltaí a mhaslú nó d'fhéadfadh sé cur isteach ar dhalta eile nó grúpa daltaí, áfach.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhachtóirí riosca. An riosca a bhaineann le daltaí a scoitheadh amach nuair a théitear i ngleic le réamhbharúlacha, tuairimí gan bhunús, agus claontachtaí. Is féidir easaontuithe a láimhseáil trí phlé, idirdhealú a dhéanamh idir an tuairim agus an duine, agus roinnt peirspictíochtaí bunaithe ar fhíricí a thabhairt isteach sa phlé.

Tar éis na ngníomhaíochtaí

Smaoinigh ar an méid a leanas....

- Plé a dhéanamh leis na daltaí maidir leis an méid atá foghlamtha acu, an méid a thaitin leo agus na rudaí nár thaitin rómhaith leo b'fhéidir.
- Gníomhaíochtaí nua a dhearadh, a chuireann le gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe sin, agus páirt ghníomhach a thabhairt do dhaltaí sa phróiseas sin.
- Má tá dialann agat maidir leis an mbealach ar fhreagair na daltaí do na ceachtanna a bhaineann le saincheisteanna conspóideacha, na freagraí sin a phlé le síceolaí na scoile, múinteoirí meantóra nó oideolaí na scoile.
- Cur i láthair a dhéanamh le haghaidh ranganna nó scoileanna eile (is féidir é sin a dhéanamh go fíorúil).
- Measúnú níos foirmeálta a dhéanamh ar an eolas agus na scileanna a shealbhaigh na daltaí agus/nó meastóireacht ar na modhanna foghlama agus teagaisc a úsáideadh (féach an roinn ar mheasúnú sna Treoirlínte).


Leid 4: Ionbhá a léiriú

Chun spás foghlama sábháilte a chothú, tá sé úsáideach gan a bheith ag magadh faoi dhaltaí a admhaíonn go gcreideann siad cineálacha áirithe bréagaisnéise, amhail teoiric chomhcheilge choitianta, nó na daltaí sin a scoitheadh amach. Is maith an rud é ionbhá a léiriú ar dtús. Tá siad ag dul sa seans má admhaíonn siad go gcreideann siad i gcineálacha áirithe bréagaisnéise. Is féidir leat an rogha a dhéanamh leochaileachtaí áirithe atá agat féin a admháil más mian leat.

Cabhraíonn sé uaireanta iarraidh ar dhaltaí a bheith ag labhairt faoi 'dhuine ar m'aithne.....' ionas nach mbeidh na hadmhálacha chomh pearsanta céanna agus nach mbeadh na daltaí oscailte do cháineadh óna gcomhdhaltaí.

Leid 5: Mioncheistiú

Mioncheistigh na daltaí maidir lena smaointe, a dtaithí agus a mothúcháin. Fiafraigh díobh céard atá foghlamtha acu agus conas ar mian leo an méid atá déanta acu a fhorbairt.



6. Inniúlacht sa litearthacht dhigiteach a chothú sa seomra ranga agus ar scoil: conas a bheith inár saoránaigh dhigiteacha

Céard is saoránacht dhigiteach ann, agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach?

Saoránaigh dhigiteacha…

- Bíonn na scileanna, buanna agus iompraíochtaí acu chun a bheith páirteach ar bhealach sábháilte, éifeachtach, criticiúil agus freagrach sa saol ar líne.
- Is féidir leo buntáistí agus deiseanna an tsaoil ar líne a thapú fad a bhíonn siad láidir in aghaidh an dochair.
- Úsáideann siad teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú lena saoránacht ghníomhach agus le cuimsiú sóisialta, lena gcomhar le daoine eile, agus lena gcruthaitheacht i dtreo spriocanna pearsanta, sóisialta nó tráchtála.
- Bíonn siad feasach ar chearta an duine agus an tslí a bhfuil na luachanna sin cosúil lena chéile ar líne agus as líne (saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse cainte, an ceart chun príobháideachais, chun rannpháirtíochta, chun dínite, etc.).

Is tacar scileanna a fhoghlaimítear é an tsaoránacht dhigiteach. I sochaí dhigiteach, amhail sochaí "as líne", tá croí-choincheapa, croí-uirlisí agus croí-inniúlachtaí ann nach mór do na daltaí a bheith ar an eolas fúthu chun a gcuid foghlama a chur chun cinn. Is gá rochtain a bheith ag na daltaí ar na huirlisí a bheidh ag teastáil uathu chun a gcuid inniúlachtaí sa litearthacht dhigiteach a fhorbairt freisin. Tá ról tábhachtach agatsa sa phróiseas sin.

Nuair atá tú in ann an saol digiteach a léamh, ciallaíonn sé sin go dtuigeann tú conas teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun faisnéis *a aimsiú, a bhainistiú, a thuiscint, a chomhtháthú, a chur in iúl, a mheas, a chruthú agus a scaipeadh* – ar bhealaí sábháilte agus iomchuí. Chomh maith leis sin, féadfaidh litearthacht dhigiteach cabhrú le daltaí páirt ghníomhach a ghlacadh, a bheith ag foghlaim, gairmeacha beatha sásúla a fhorbairt agus a bheith ag idirghníomhú go sóisialta i sochaí an lae inniu. Dá bhrí sin, is réamhriachtanas é an litearthacht dhigiteach le haghaidh saoránacht dhigiteach ghníomhach chumasaithe.

Seans go bhfuil tugtha faoi deara agat cheana féin go mbíonn daltaí in ann an saol digiteach a thuiscint go pointí éagsúla cheana féin. Mar shampla, b'fhéidir go bhfuil fadhbanna maidir le léamh agus scríobh ag roinnt daltaí, ach is féidir leo a bheith an-inniúil i ndáil le hábhar digiteach a thabhairt isteach agus a tháirgeadh, amhail nótaí gutha nó pictiúir a ghlacadh. B'fhéidir go bhfuil fadhbanna ag daltaí eile i ndáil le rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí, agus iad a úsáid, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra dul i dteagmháil leo agus cumarsáid a dhéanamh leo nuair a bhítear ag teagasc ó chian.

Leid 6: Cluichiú agus foghlaim bunaithe ar chluichí

Is féidir le cluichiú agus foghlaim bunaithe ar chluichí torthaí oideachais a fheabhsú, má dheartar go cuí iad.

Seo roinnt buntáistí:

1. Is iondúil go gcuireann sé an fhoghlaim ar fáil ar bhealach a dtagann le saol digiteach óige an lae inniu.
2. Is féidir leo spreagadh breise a thabhairt agus fágann siad go bhfuil an teagasc agus an fhoghlaim spraiúil, cruthaitheach agus spreagúil.
3. Is iondúil go mbíonn cluichiú agus foghlaim bunaithe ar chluichí solúbtha, inaistrithe go haon chineál comhthéacs, agus is féidir iad a chur in oiriúint go héasca d'aon ábhar scoile. Is féidir iad a úsáid freisin le haghaidh saincheisteanna casta, a thuigtear níos éasca trí chluiche.



Smaoinigh ar an méid a leanas…

- Iarr ar na daltaí eolas a roinnt maidir leis an tslí ar féidir le teicneolaíocht agus na meáin shóisialta athrú dearfach agus spásanna dearfacha a chruthú sa phobal agus sa tsochaí ina maireann siad.
- Pléigh leis na daltaí na scileanna a bheidh uathu nuair a rachaidh siad isteach sa mhargadh saothair amach anseo. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tacar scileanna digiteacha (amhail geilleagair dhigiteacha a thuiscint, códú, algartaim a thuiscint, smaointeoireacht ríomhaireachtúil, agus scileanna digiteacha eile) agus scileanna boga (e.g. idirphearsanta) i saol ina bhfuil idirghníomhú idir daoine luachmhar.
- Iarr ar dhaltaí faisnéis chruinn a aimsiú ar líne maidir le saincheisteanna saoránachta (e.g., an daonlathas, toghcháin áitiúla, cearta an duine, agus an t-athrú aeráide) agus cad iad na spásanna cuí atá ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht ar líne.

- Más féidir de réir atmaisféar an tseomra ranga (go háirithe má tá taithí ag na daltaí ar shaincheisteanna polaitiúla a phlé), fiafraigh de na daltaí an gceapann siad gur féidir bréagaisnéis pholaitiúil a scaipeadh leis na meáin agus cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin. An féidir leis cur isteach ar thorthaí toghchán daonlathach? Cén chaoi? An féidir leo samplaí a thabhairt?
- Naisc chuig foinsí inchreidte faisnéise a thabhairt do dhaltaí, mar shampla cinn faoi shaincheisteanna sóisialta agus saincheisteanna a bhaineann le saoránacht. Níos fearr fós, iarr orthu taighde a dhéanamh air sin agus aiseolas a thabhairt.
- Aird a thabhairt ar an bhfolláine dhigiteach, eadhon an bealach a gcuireann uirlisí digiteacha le sláinte (mheabhrach nó fhisiciúil) na ndaltaí agus lena gcaidrimh lena gcomhdhaltaí agus a dteaghlaigh, nó conas a chuireann siad isteach ar a sláinte agus ar na caidrimh sin.

Tús a chur le teagasc na litearthachta digití

Tá teagasc agus foghlaim na litearthachta digití tábhachtach sa saol comhaimseartha. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh leisce ar roinnt daoine céimeanna a ghlacadh chun na daltaí a chur i dtreo inniúlachtaí litearthachta digití a fhorbairt toisc nach bhfuil siad compordach topaic a theagasc, ar topaic í nach bhfuil mórán eolais agat fúithi b'fhéidir, nó toisc go bhfuil na daltaí inniúil go leor ó thaobh na teicneolaíochta de cheana féin. D'fhéadfadh sé a bheith tábhachtach a chuimhneamh nach gcaithfidh tú a bheith i do shaineolaí teicneolaíochtaí chun litearthacht dhigiteach a theagasc toisc go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis an litearthacht dhigiteach ná conas gléas a úsáid.

Bosca 3: An bhfuil bua na teicneolaíochta ag na daltaí go léir?

Ná déan talamh slán de go bhfuil na daltaí ar fad ina saineolaithe ar an teicneolaíocht. Ní bhíonn go leor ar eolas ag gach duine óg maidir leis an teicneolaíochtaí agus ní bhíonn an mhuinín ag roinnt acu teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid uaireanta. Cé go bhfuil scileanna agus inniúlachtaí digiteacha forbartha ag roinnt acu, tá scileanna ísle digiteacha ag daoine óga eile agus bíonn fadhbanna acu na cúraimí digiteacha is bunúsaí a dhéanamh uaireanta. Bíonn sé deacair do dhaoine óga an saol digiteach a thuiscint uaireanta fiú. D'fhéadfaidís dul isteach i mbothanna macallaí ach is annamh a thuigeann siad conas a bhíonn siad 'sáite iontu'. B'fhéidir go bhfuil teicneolaíochtaí mar chuid dá saol laethúil, ach seans nach dtuigeann siad conas a oibríonn siad nó cén fáth a dtaispeánann algartaim ábhar áirithe dóibh. Ní bhíonn tacaíocht theicniúil ag teastáil ó dhaltaí i gcónaí, agus d'fhéadfadh roinnt acu diúltú dó, ach is minic a theastaíonn uathu duine is féidir cabhrú leo a mbealach a dhéanamh tríd an neart faisnéise a fheiceann siad ar bhonn rialta, agus chun cabhrú leo idirdhealú a dhéanamh idir fíoróid agus eolas, agus idir maíomh fírinne agus fianaise.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Bí oscailte faoin bhfíric nach féidir leat a bheith eolach faoi gach rud mar mhúinteoirí nó oideoir. Mar mhúinteoir nó oideoir, áfach, tá cumas faoi leith agat comhthéacs riachtanach a thabhairt, smaoineamh siar criticiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt.
- Topaicí digiteacha atá tábhachtach i ndáiríre do na daltaí a chur san áireamh. Lig do na daltaí a bheith oscailte agus labhair faoina gcuid spéiseanna, an plean ceachta a chomhchruthú, fad a úsáidtear gléasanna agus spásanna digiteacha a bhfuil cur amach acu orthu.
- Plé a dhéanamh maidir le hiompar ar líne leis na daltaí, agus conas a bheith i do shaoránach freagrach, gníomhaí dearfach sóisialta laistigh agus lasmuigh de na seomraí ranga.

Leid 7: Samplaí na ndaltaí a leanúint

Lean samplaí na daltaí agus a gcuid taithí i ndáil leis an litearthacht dhigiteach. Bíonn dúshláin ar líne roimh leanaí agus daoine óga gach lá (teachtaireacht ghránna; cruacheist maidir le príobháideachas; fadhb maidir le rochtain; fuathchaint; etc.). Lig d'ábhair imní agus taithí laethúil na ndaltaí topaicí na gceachtanna a stiúradh, agus bíodh siad ábhartha agus praiticiúil, gan náire a chur orthu ná breithiúnas a thabhairt orthu. Is féidir atmaisféar barántúlachta agus muiníne a chruthú ar an gcaoi sin (má láimhseáiltear go maith é) sa seomra ranga.



Cuspóirí foghlama na litearthachta digití

Tá roinnt cuspóirí foghlama sonracha le haghaidh litearthacht dhigiteach ar fáil thíos, cinn atá ábhartha don bhunscoil agus don mheánscoil. Is féidir leis an bhforléargas seo a bheith cabhrach maidir le do chuid teagaisc. Tá siad bunaithe ar chreataí a bunaíodh cheana amhail an Creat Inniúlachta Digití do Shaoránaigh (DigComp 2.2[4]) agus torthaí foghlama Litearthachtaí Nua na Fionlainne[5]:

Sa bhunscoil…

- Is féidir leis an dalta cuardach a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le saincheisteanna agus nithe a bhfuil spéis aige nó aici ann go neamhspleách.
- Is féidir leis an dalta, le treoir ón múinteoir/oideoir, creidiúnacht agus úsáideacht na faisnéise a mheas.
- Tá a fhios ag an dalta go bhfuil gach cineál faisnéise agus ábhair, lena n-áirítear mífhaisnéis agus bréagaisnéis, ar fáil i dtimpeallachtaí ar líne.
- Tuigeann an dalta an difríocht idir bréagaisnéis, mífhaisnéis agus faisnéis mhailíseach.
- Bíonn cur amach ag an dalta ar bhunphrionsabail na cosanta príobháideachais.
- Tuigeann an dalta na cineálacha modhanna atá ar fáil i dtimpeallachtaí na meán chun príobháideachas an duine a chosaint.
- Déanann an dalta machnamh ar an úsáid a bhaineann sé nó sí as ábhar na meán agus ar na seirbhísí a úsáideann sé nó sí i ndáil le cóipcheart.
- Is féidir leis an dalta cuardach a dhéanamh le haghaidh ábhar meáin is féidir a úsáid go hoscailte gan chead.
- Is féidir leis an dalta tuairisc a thabhairt ar a nósanna maidir le húsáid na meán agus is féidir leis nó léi smaoineamh ar thábhacht na meán ina s(h)aol.
- Is féidir leis an dalta uirlisí digiteacha a úsáid go cuí sábháilte chun aschuir a chruthú do lucht féachana faoi leith.
- Tuigeann an dalta conas ábhar meáin a chruthú agus a roinnt.
- Is féidir leis an dalta uirlisí digiteacha a úsáid go cuí sábháilte chun aschuir a chruthú do lucht féachana faoi leith.
- Tuigeann an dalta conas a bheith páirteach go measúil ar líne agus conas rochtain a fháil ar fhaisnéis chruinn.

Faoin tráth a bhítear sa mheánscoil…

- Tuigeann an dalta go bhféadfadh ábhar digiteach, earraí agus seirbhísí a bheith faoi chóipcheart.
- Is féidir leis an dalta creidiúnacht agus úsáideacht an fhoinse faisnéise agus an ábhair dhigitigh a mheas go criticiúil.
- Is féidir leis an dalta, le treoir ón múinteoir/oideoir, cineálacha éagsúla ábhar sna meáin a mheas mar fhoinsí faisnéise agus is féidir leis nó léi smaoineamh faoina húsáideacht agus creidiúnacht.
- Tuigeann an dalta an cineál spáis atá sna meáin shóisialta mar fhoinse faisnéise agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith criticiúil maidir leis an bhfaisnéis a scaiptear go sóisialta.
- Bíonn an dalta ar an eolas go n-úsáideann innill chuardaigh, na meáin shóisialta agus ardáin ábhair algartaim intleachta saorga chun freagraí a ghiniúint agus ábhar atá curtha in oiriúint nó sainithe do roghanna tosaíochta an úsáideora aonair a chur i láthair.
- Is féidir leis an dalta anailís a dhéanamh ar a p(h)atrúin maidir le húsáid na meán.
- Is féidir leis an dalta faisnéis a fháil, a phróiseáil agus a chur i láthair bunaithe ar thaighde ar úsáid na modhanna agus na n-uirlisí cuí.
- Tá a fhios ag an dalta go mbailíonn agus go bpróiseálann go leor feidhmchlár ar an idirlíon agus ar fhóin póca sonraí (i.e., sonraí pearsanta, sonraí iompraíochta, agus sonraí comhthéacsúla), sonraí a bhféachann an t úsáideoir orthu nó sonraí a fhaigheann siad. Déantar é sin, mar shampla, chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine ar líne (e.g., cliceanna ar na meáin shóisialta, cuardaigh ar Google) agus as líne (e.g., coiscéimeanna laethúla, turais bhus ar iompar poiblí).

[4] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC128415

[5] https://okm.fi/en/new-literacies-programme

- Is féidir leis an dalta uirlisí digiteacha a úsáid chun barántúlacht grianghraf agus físeán ar líne a fhíorú.
- Tuigeann an dalta na straitéisí is ceart a úsáid chun sonraí a bhailíonn/a chuireann córais ar líne le chéile a rialú, a bhainistiú nó a scriosadh.
- Tuigeann an dalta conas córais intleachta saorga a úsáid chun ábhar digiteach a chruthú (e.g. téacsanna, nuacht, aistí, tvuíteanna, ceol, íomhánna) ag úsáid ábhar digiteach atá ann cheana mar fhoinse. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir ábhar den sórt sin agus nithe atá cruthaithe ag daoine daonna.
- Tá an dalta feasach ar dhearbhú claonta agus forbraíonn sé nó sí cur chuige criticiúil i ndáil lena c(h)uid smaointeoireachta féin.
- Tuigeann an dalta an chiall atá le teachtaireachtaí neamhbhriathartha (e.g. straoiseoga, emoji) a úsáidtear i dtimpeallachtaí digiteacha (e.g. na meáin shóisialta, teachtaireachtaí meandracha) agus tuigeann sé nó sí gur féidir leis an úsáid a bhaintear astu a bheith difriúil ag brath ar an tír agus ar an bpobal.

Plean Gníomhaíochta 3: Ag oibriú leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha


Plean Gníomhaíochta 3: Ag oibriú leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha '*Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha*'. I measc na gceart eile a mholtar, leagtar síos an méid a leanas leis an dearbhú:

- Ba cheart leanaí agus daoine óga a chumhachtú chun roghanna sábháilte agus feasacha a dhéanamh agus chun a gcruthaitheacht a chur in iúl sa timpeallacht ar líne.
- Tá an ceart ag leanaí go gcosnófar iad ar gach coir a dhéantar trí theicneolaíochtaí digiteacha nó a éascaítear leis na teicneolaíochtaí sin.
- Tá sé de cheart ag gach duine go gcosnófaí a shonraí pearsanta ar líne. Áirítear leis an gceart sin an rialú ar an gcaoi a n-úsáidtear na sonraí agus cé leis a bhféadtar iad a roinnt.
- Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar theicneolaíochtaí, ar tháirgí agus ar sheirbhísí digiteacha atá sábháilte, slán agus a chosnaíonn príobháideachas de réir dearaidh.
- Tá sé de cheart ag gach duine tuairimí a nochtadh sa timpeallacht ar líne, gan aon eagla go ndéanfar cinsireacht orthu nó go gcuirfear imeagla orthu.

Iarr ar na daltaí a gcuid ceart féin agus an méid atá tábhachtach dóibh a chur in iúl – agus ansin cuir a gcuid smaointe i gcomparáid leis na cearta digiteacha a mholtar ar leibhéal na hEorpa

Plean Gníomhaíochta 4: Loirg dhigiteacha a rianú

Déan roinnt taighde in éineacht leis na daltaí maidir le loirg dhigiteacha (féach an sainmhíniú i roinn 4) agus plé a mhéid a chruthaítear na loirg go gníomhach nó go neamhghníomhach. Déan iarracht a fháil amach a mhéid a thaistealaíonn do chuid sonraí go tríú páirtithe thar thírdhreach an oideachais nó laistiar de. Déan machnamh leis an rang ar na buntáistí (e.g. optamú, pearsantú) agus na míbhuntáistí (sárú ar phríobháideachas?) a d'fhéadfadh a bheith aige sin, agus conas is féidir le daltaí a ríomhláithreacht a bhainistiú ar an mbealach is fearr.



7. Bréagaisnéis: Céard atá i gceist leis sin?

Mífhaisnéis

faisnéis a scaiptear, faisnéis is féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach atá ann, ach ní hé is aidhm dó daoine a chur amú. Is minic a roinntear an cineál faisnéise sin toisc go gcreideann an t úsáideoir go bhfuil sé fíor.

Bréagaisnéis

cineál faisnéise a thagraíonn d'fhaisnéis, is féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach nó mhíthreorach atá ann, a chumtar, a léirítear agus a scaiptear ar mhaithe leis an mbrabús nó chun dallamullóg a chur ar an bpobal d'aon ghnó. Is féidir leis sin dochar a dhéanamh don phobal.

Faisnéis mhailíseach

faisnéis atá ceart go fíorasach agus a úsáidtear chun dochar a dhéanamh

Baineann na Treoirlínte seo le bréagaisnéis den chuid is mó. Mar a luaitear i roinn 4, déantar bréagaisnéis a chumadh, a léiriú agus a scaipeadh ar mhaithe leis an mbrabús nó chun dallamullóg a chur ar dhaoine d'aon ghnó.

Chun coincheap na bréagaisnéise a shoiléiriú tuilleadh, is féidir é a bheith úsáideach féachaint ar roinnt samplaí. Leis na samplaí a leanas, tugtar barúil maidir leis na cineálacha bréagaisnéise a bhíonn roimh dhaltaí laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. I ngach ceann de na cásanna seo , tá rún ann dallamullóg a chur ar dhaoine agus a gcuid tuairimí, mothúchán agus gníomhaíochtaí a ionramháil.

1. In iarracht d'aon ghnó chun ionsaí a dhéanamh ar rialtais agus a gcláir sláinte, scaipeadh faisnéis bhréagach ar bhlaganna éagsúla nach bhfuil i gceist le vacsaíní COVID-19 sinn a chosaint ar an gcoróinvíreas agus gurb ann dó chun an pobal mór a rialú. Maítear, gan fhianaise, gur uirlis rialtais iad na vacsaíní chun troid in aghaidh an athraithe aeráide tríd an daonra a laghdú agus gur dearadh na vacsaíní sin chun neamhthorthúlacht a chruthú.
2. In iarracht chun droch-chuma a chur ar an bpobal LADTA, bhí go leor úsáideoirí ar na meáin shóisialta ag scaipeadh faisnéise i mí na Bealtaine 2022 go raibh an duine a bhí ag scaoileadh urchar i scoil in Texas trasinscneach. Threisigh roinnt polaiteoirí agus tionchairí polaitiúla sna Stáit Aontaithe an maíomh míchruinn seo, agus rinne roinnt de na daoine sin nasc idir an trasinscneachas agus foréigean.
3. Scaip polaiteoir aitheanta na Fraince scéal i mí Feabhra 2017 a mhaígh gur tacaíodh le feachtas an Uachtaráin Emmanuel Macron le hairgead ón Araib Shádach. Rinneadh aithris ar shuíomh gréasáin nuachtáin mhóir chun an chuma a chur ar an scéal go raibh sé dlisteanach agus foilsíodh scéal bréagach.
4. I mí an Mhárta 2022, tháinig físeán amach ina raibh an chuma go raibh Uachtarán na hÚcráine, Volodymyr Zelensky ina sheasamh taobh thiar de phóidiam agus go raibh sé ag iarraidh ar Úcránaigh a gcuid arm a leagan uathu agus géilleadh. Cé nach raibh an 'domhainbhrionnú' sin, mar a thugtar air, sofaisticiúil, bhí an chuma air don duine nach raibh eolach go raibh sé fíor.
5. I mí Feabhra 2022, i dtvuít bhréagach ó chuntas a bhí ag ligean air gur CNN a bhí ann, fógraíodh go bréagach 'gortú an chéad Mheiriceánaigh i ngéarchéim na hÚcráine'. Cé go rabhthas in ann a fhíorú go raibh an fhaisnéis bréagach, rinneadh ionsaithe ar dhlisteanacht CNN mar fhoinse nuachta ar na meáin shóisialta.

Dul i ngleic leis an mbréagaisnéis


De réir mar a fhorbraíonn daltaí a bhféiniúlachtaí sóisialta agus de réir mar a fhorbraíonn siad a ndearcthaí ar an saol, tagann siad ar an iliomad faisnéise, agus bíonn cuid di cabhrach agus cuidíonn sí chun tuiscint na ndaltaí a shaibhriú, ach bíonn cuid eile bréagach, cealgach agus slítheánta. Sa 21ú haois, bíonn cuid mhór den fhaisnéis sin ar líne nó cuirtear in iúl í trí na meáin shóisialta.

Sa saol atá inniu ann, is féidir an bhréagaisnéis a scaipeadh i bhfad níos faide, níos tapa, níos doimhne agus níos leithne ná an fhaisnéis fhíor. Ní hiad na cumarsáidithe is éifeachtaí sa saol digiteach na gairmithe oilte, amhail iriseoirí, i gcónaí. Is minic gurb iad na chéad daoine, na daoine is tapa agus is mó ar líne na cumarsáidithe is fearr, na daoine a úsáideann teachtaireachtaí pearsantaithe chun nasc a dhéanamh lena lucht leanúna.

Is féidir le bréagaisnéis dochar a dhéanamh do dhaoine, do ghrúpaí agus don tsochaí. D'fhéadfadh go leor cineálacha bréagfhaisnéise a bheith ann freisin (féach **Bosca 4** thíos le haghaidh cúpla sampla). Príomh-shaintréith de gach cineál bréagaisnéise, áfach, is ea go gcuirtear ficsean, faisnéis bhréagach agus tuairimí chun cinn mar fhíricí nó mar 'an fhírinne'.

Plean Gníomhaíochta 5: Fíric nó tuairim?

Imir an cluiche 'fíric nó tuairim' leis na daltaí. Is bealach éasca cluichithe é seo chun tuiscint a fháil ar fhíricí in aghaidh tuairimí agus tá sé oiriúnach do dhaltaí sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Tabhair 10 ráiteas réamhroghnaithe do na daltaí, idir fhíricí agus thuairimí (mar shampla: 'tá sé náid céim lasmuigh' i gcomparáid le 'tá sé rófhuar dul amach'). Is féidir ráitis den sórt sin a aimsiú go héasca ar líne (áisiúil don todhchaí). Ní mór do na daltaí a roghnú cad iad na fíricí agus cad iad na tuairimí i measc na ráiteas. Ba cheart do na daltaí argóintí a dhéanamh maidir leis an bhfáth go gceapann siad é sin. Is féidir an ghníomhaíocht seo a leathnú trí iarraidh ar na daltaí a chinneadh céard is fíric ann agus céard is tuairim ann?



Is féidir ceacht comhchosúil a dhéanamh maidir le heolaíocht in aghaidh bréag-eolaíochta. Bheadh sé sin níos oiriúnaí do dhaltaí atá beagán níos sine.

Leid 8: Foinsí a fhíorú



Cé chomh minic agus a fhíoraíonn daltaí an fhoinse agus alt á léamh acu ar a bhfotha nuachta? An seiceálann siad riamh an mbíonn na fíricí a chuirtear i láthair cruinn? Má sheiceálann, cén chaoi a ndéanann siad é sin?

Déan plé leis na daltaí maidir leis an difríocht idir gairmiúlacht na meán agus iriseoireacht shaoránach.

Smaoinigh ar na pleananna gníomhaíochta malartacha a leanas:

- Iarr ar dhaltaí, i ngrúpaí beaga, dul chuig roinnt asraon meán ar líne agus roinnt léitheoireachta a dhéanamh faoi shaincheist shóisialta (mar shampla, an t-athrú aeráide). Iarr orthu alt amháin nó níos mó a léamh agus idirdhealú a dhéanamh idir tuairimí agus fíricí sna hailt sin. An bhfuil na fíricí comhsheasmhach ar fud na n-alt? Céard faoi na tuairimí?
- Iarr ar na daltaí aiste (argóinteach) a scríobh maidir le saincheist shóisialta a bhfuil spéis acu ann agus abair leo fíricí agus tuairimí araon a chuimsiú sna haistí.
- Tobsmaointeoireacht a dhéanamh leis na daltaí. Iarr orthu na saintréithe ar fad a ritheann leo nuair a fheiceann siad an focal 'fíric' a scríobh síos, agus an rud céanna a dhéanamh nuair a chloiseann siad an focal 'tuairim'. Cad iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí dar leo?

Nóta Rabhaidh: Ní mór do dhaoine (óga) a bheith ag faire amach do na cineálacha sin ábhair chealgaigh!

Cur i leith bréagach: Íomhánna, físeáin nó sleachta athfhriotail barántúla a thógtar ó imeachtaí eile

Ábhar cumtha: Ábhar a chumtar agus a chuirtear le hábhar fíor uaireanta

Foinsí pasadóra: Mar shampla, suíomhanna gréasáin, blaganna nó cuntais Twitter a ligeann orthu gur branda nó duine aitheanta iad, nó gur cara (scoile) atá ann


Nasc bréagach: Ní thagann an t-ábhar leis an gceannteideal/ na fotheidil

Comhthéacs bréagach: Bíonn an fhaisnéis a thugtar nach mór cruinn ach tugtar i gcomhthéacs míchruinn í

Ábhar a ndéantar dochtúireacht air: Ábhar, amhail staitisticí, graif, grianghraif nó físeáin a modhnaíodh nó a ndearnadh dochtúireacht orthu. Áirítear leis sin saorbhrionnuithe agus domhainbhrionnuithe

Faisnéis mhailíseach a úsáidtear mar arm: Fíricí áibhéalta thar fóir

Conclúidí bunaithe ar ráflaí: Conclúidí crua bunaithe ar Fhaisnéis a chuirtear i láthair mar 'ráfla'



[6] Tugadh na cásanna seo ó shuíomhanna gréasáin éagsúla maidir le claonadh na meán. Níl aon seasamh oifigiúil ag an gCoimisiún Eorpach maidir le cruinneas na samplaí seo.

Bosca 4: Cineálacha sonracha bréagaisnéise – deiseanna do mhúinteoirí agus oideoirí in ábhair scoile áirithe

Tá saorbhrionnuithe á nginiúint ag daoine óga anois. Mar shampla, chun bulaíocht nó cibearbhulaíocht a dhéanamh ar dhuine, is féidir le dalta nó grúpa daltaí aghaidh dalta amháin (an t íospartach) a thógáil agus í a chur ar ghrianghraf de dhuine eile a d'fhéadfadh iad a náiriú agus ansin an íomhá bhréagach sin a scaipeadh ar na meáin shóisialta. Is féidir iarmhairtí éagsúla a bheith aige sin, don duine a ndéantar bulaíocht air nó uirthi go háirithe. Chun a léiriú a éasca is féidir saorbhrionnuithe a ghiniúint, is féidir le múinteoirí ealaíne (agus iad thar a bheith cúramach) é sin a chumhdach sa seomra ranga. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an nóta rabhaidh 'Foghlaim trí ghníomhaíocht'.

Sa bhréag-eolaíocht tá ráitis, creidimh nó cleachtais, a maítear gur eolaíoch agus fíorasach iad, ach nach dtagann leis an modh eolaíochta. Toisc go bhfuil bréagaisnéis den sórt sin an-choitianta, bíonn an deis ag múinteoirí eolaíochta a mhíniú do dhaltaí na nithe atá difriúil idir eolaíocht agus bréag-eolaíocht.



Is féidir le múinteoirí staire agus saoránachta aghaidh a thabhairt ar an tslí a bhforbraítear teoiricí comhcheilge nó cur i gcéill agus conas a úsáideadh iad mar uirlis pholaitiúla le linn na staire. Is féidir le múinteoirí / oideoirí eolas a thabhairt maidir le teoiricí comhcheilge comhaimseartha freisin. Tá sé tábhachtach a mhíniú do dhaltaí gurb ann do chomhchealga, ach gur minic a chuireann na cinn a scaiptear ar na meáin, cinn a chumtar, clár oibre polaitiúil chun cinn. Féach an nóta rabhaidh thíos.

Saintréithe na Bréagaisnéise

Is féidir leis an mbréagaisnéis teacht chun cinn in go leor comhthéacsanna ar go leor ardán éagsúil. Bíonn cuid de dírithe ar dhaoine óga go sonrach, nó deartar é chun tionchar a imirt ar dhaoine óga. I measc shaintréithe coitianta an bréagaisnéise (tá **Plean Gníomhaíochta 6** gairid a théann leis seo thíos) tá:

1. Téann sé i bhfeidhm ar mhothúcháin an duine a ndírítear air nó uirthi. Ciallaíonn sé sin go mbíonn sé níos deacra don duine a bheith ag smaoineamh go loighciúil criticiúil.
2. Déanann sé ionsaí ar an duine eile – cuireann sé dearcthaí 'Sinne in aghaidh Iadsan' ar an saol chun cinn.
3. Simplítear na fíricí agus fágtar an comhthéacs ar lár.
4. Cuirtear béim ar an smaoineamh céanna arís agus arís eile.
5. Déantar neamhaird ar mhiondifríochtaí na bhfíricí trí thaobh amháin a chur i láthair.
6. Déantar íomhánna a mhodhnú ar bhealaí éagsúla, amhail mionleasú agus bearradh.
7. Tógtar pictiúir ó na comhthéacsanna bunaidh agus cuirtear iad le pictiúir, ceol / fuaimeanna, agus téacs eile chun brí nua a chruthú.
8. Baintear úsáid as daoine cáiliúla agus ceiliúráin a bhfuil cion ag an spriocghrúpa orthu.
9. Baintear úsáid as saorbhrionnuithe agus domhainbhrionnuithe.
10. Cuireann sé in aghaidh fianaise a dhéanann iarracht é a bhréagnú.

Plean Gníomhaíochta 6: Faisnéis a mheas

Roghnaigh téacs amháin nó níos mó ina bhfuil bréagaisnéis agus a bhfuil fianaise ina coinne ar fáil agus éasca le haimsiú. Má théitear go suíomhanna ar a seiceáiltear fíricí, is féidir leis sin cabhrú leis an gcuardach. Iarr ar na daltaí scrúdú a dhéanamh ar an téacs/na téacsanna agus fiafraigh díobh an féidir leo na saintréithe a dtugtar tuairisc orthu thuas a aithint. Iarr orthu é sin a dhéanamh ina n-aonar ar dtús agus ansin ina ngrúpaí beaga chun an fhoghlaim a mhéadú.



Cén fáth a gcruthaítear agus a scaiptear bréagaisnéis?

Nuair is féidir le daltaí an sainmhíniú ar bhréagaisnéis a thuiscint, is minic a thagann ceisteanna chun cinn amhail '*Cén fáth a gcruthaíonn daoine bréagaisnéis?*' '*Céard a spreagann iad?*' Is féidir leat iad a stiúradh chun na ceisteanna sin a fhreagairt.

Tá sé tábhachtach go dtuigeann daltaí go bhfuil go leor cúiseanna ann maidir leis an bhfáth a gcruthaítear agus a scaiptear bréagaisnéis. Go hidéalach, d'fhéadfadh daltaí taighde a dhéanamh ar an tsaincheist sin iad féin (féach **Plean Gníomhaíochta 7**) ach mar mhúinteoir tá sé an-tábhachtach aiseolas a thabhairt tar éis tasc den sórt sin agus míniú a thabhairt go gcruthaíonn daoine nó grúpaí áirithe bréagaisnéis chun tionchar a imirt ar dhaoine eile. Déantar é sin mar gheall ar chúiseanna idé-eolaíocha, chun é a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil tuairim pholaitiúil áirithe ceart agus chun brabús airgeadais a dhéanamh. I ndáil le cásanna bréagaisnéis nach bhfuil chomh tromchúiseach sin, d'fhéadfá a lua go gcruthaítear í chun siamsaíocht a chur ar fáil (e.g. cineálacha áirithe aoire) agus sna cásanna sin, cruthaítear an cur i gcéill chun lucht leanúna a mhealladh. Is é sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach do dhaltaí tuiscint a bheith acu ar na cúiseanna éagsúla a spreagtar daoine bréagaisnéis a chruthú agus na cineálacha bréagaisnéise atá ann agus an dochar a d'fhéadfadh sé a dhéanamh.

Smaoinigh ar an méid a leanas....

- Labhairt leis na daltaí (go réchúiseach ar dtús, agus ansin níos pearsanta má bhíonn an grúpa oscailte dó sin) maidir leis na cineálacha faisnéise ar líne a spreagann mothúcháin amhail fearg, brón, bród, imní.
- Plé a dhéanamh leis na daltaí maidir leis na rudaí a d'fhéadfadh spreagadh a thabhairt dóibh chun ábhar a roinnt gan smaoineamh faoi. Fiafraigh díobh arbh fhéidir leo samplaí a thabhairt óna dtaithí phearsanta. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfágann mothúcháin láidre, amhail ríméad nó fearg, go bhfuil sé níos deacra a bheith ag smaoineamh go réasúnta criticiúil.
- Plé a dhéanamh maidir leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí. Treoir ghinearálta le haghaidh foinsí inchreidte is ea go mbíonn siad trédhearcach maidir leis an áit a bhfuair siad an fhaisnéis.

Plean Gníomhaíochta 7: Taighde maidir leis an bhfáth a gcruthaítear bréagaisnéis

In ionad a mhíniú do dhaltaí an fáth a gcruthaítear bréagaisnéis, iarr orthu taighde a dhéanamh air ar líne. Is féidir é sin a dhéanamh le tasc níos ginearálta nó grúpaí beaga a cheapadh chun taighde a dhéanamh ar na fáthanna a d'fhéadfadh daoine (nó eagraíochtaí) a bheith ag iarraidh bréagaisnéis a scaipeadh faoi COVID, faoin athrú aeráide, faoi dhídeanaithe agus imircigh, faoi mhionlaigh chreidimh, faoi mhionlaigh ghnéis, faoi mhná, etc. mar shampla. Iarr ar na grúpaí beaga an méid atá aimsithe acu a chur i láthair do na daltaí eile. Céard iad na cosúlachtaí agus na difríochtaí?



I gcás daltaí óga is féidir leat topaicí níos éadroime nach bhfuil chomh casta céanna a roghnú, cinn a bhfuil sé níos éasca dul i ngleic leo.

! Sula n-iarrann tú ar dhaltaí é sin a dhéanamh, áfach, bheadh sé go maith taighde a dhéanamh air tú féin ionas gur féidir leat an comhrá a stiúradh sa rang ar bhealach níos fearr.

Tá sé úsáideach do dhaltaí a thuiscint, gur féidir le roinnt daoine brabús eacnamaíoch a dhéanamh i gcásanna áirithe. Áirítear leis sin 'tionchairí' agus 'cruthaitheoirí' ar na meáin shóisialta, a d'fhéadfaidís a bheith dá leanúint, a thuilleann airgead trí ábhar a chur ar fáil ar líne.

A mhórthaibhsí agus a chonspóidí an fhaisnéis a chuirtear i láthair ar an idirlíon agus ar na meáin shóisialta, is ea is dócha a léifidh agus a roinnfidh daoine é, rud a chiallaíonn go bhfaigheann cruthaitheoirí na nuachta níos mó ioncaim fógraíochta. Déanfaidh iad siúd a scaipeann faisnéis bhréagach agus/nó mhíthreorach iarracht tabhairt ar a mhéid daoine is féidir an fhaisnéis sin a roinnt. Uirlis éifeachtach amháin chun faisnéis a scaipeadh le haghaidh brabúis airgeadais is ea suíomhanna 'nuachta' bréige, a chruthaítear chun suíomhanna nuachta bailí a chóipeáil.

Leid 9: Difríocht a dhéanamh

Go hidéalach, nuair a aithnítear an fhadhb – go bhfuil bréagaisnéis forleathan, go scaipeann sé go tapa, agus go ndéanann sé dochar – ba cheart go mbeadh smaointeoireacht ann maidir leis an mbealach chun bréagaisnéis a chosc agus dul i ngleic léi. Is iondúil go n-eascraíonn ráitis ghinearálta maidir le freagracht i measc na ndaltaí tar éis na smaointeoireachta agus an phlé ina dhiaidh sin. Bíonn na ráitis sin ginearálta toisc nach bhfeiceann siad ról dóibh féin sa ghníomh sin. Má chuirtear ina luí orthu 'gur féidir leo difríocht a dhéanamh', is féidir tuilleadh gníomhaíochtaí níos substaintiúla sa seomra ranga agus sa scoil teacht as sin chun straitéisí a fhorbairtí arb é is aidhm dóibh bréagaisnéis a throid (féach samplaí eile sa roinn seo).



Smaoinigh ar an méid a leanas...

Nuair a thuigeann siad go bhfuil bagairtí éagsúla ag baint leis an mbréagaisnéis, cuir na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí maidir le freagracht:

a. Céard é ról agus freagracht na meán i scaipeadh bréagaisnéise? Céard é ról agus freagracht úsáideoirí na teicneolaíochta iad féin i scaipeadh bréagaisnéise? Céard faoi chuideachtaí meán (sóisialta)?

b. An bhfuil siad ar an eolas maidir le hiarrachtaí éagsúla sa tsochaí chun srian a chur ar an mbréagaisnéis? An aontaíonn siad leis na hiarrachtaí sin (e.g., ábhair éagsúla imní maidir le cearta an duine amhail cinsireacht – beidh ort na hiarrachtaí sa tsochaí a mhíniú dóibh ar dtús)?

c. Céard é ról agus freagracht na meán sóisialta agus na n-ardán eile chun srian a chur leis an mbréagaisnéis?

d. Cén ról atá ag an rialtas chun srian a chur leis an mbréagaisnéis? Déan athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí a dhéanann rialtais áitiúla nó náisiúnta: an féidir níos mó a dhéanamh? An bhfuil daltaí ar an eolas maidir le hiarrachtaí na rialtas?

e. Céard is féidir le daoine a sheiceálann fíricí a dhéanamh chun dul i ngleic le bréagaisnéis nó céard a dhéanann siad ina leith?

f. Céard é ról agus freagracht úsáideoirí na teicneolaíochta, amhail na daltaí, iad féin, agus an pobal, i scaipeadh bréagaisnéise? An féidir leo ról a ghlacadh?

Is féidir bréagaisnéis a scaipeadh chun críoch idé-eolaíoch. Mar shampla, déanann eagraíochtaí antoisceacha iarracht daoine a mhealladh chuig an gcúis le bréagaisnéis agus déanann siad iarracht baill nua a earcú. Is cineál bréagaisnéise eile chun críoch idé-eolaíoch é bréagaisnéis rialtais agus is cúis imní é sin. D'fhéadfaí bréagaisnéis den sórt sin a chruthú chun leasanna an stáit a chur chun cinn agus tá sé ann chun tionchar a imirt ar thuairimí an phobail (sa stát sin nó i stát eile). Is féidir le bréagaisnéis den sórt sin deighiltí sa tsochaí a dhoimhniú, díspeagadh a dhéanamh ar mhionlaigh áirithe, agus tionchar a imirt ar thíortha eile freisin. I bhfoirm níos antoiscí, is féidir leis a bheith ina cúinse cogaidh agus ina bonn cirt maidir le cogadh.


Plean Gníomhaíochta 8: Saoirse na meán a phlé



Déan plé le daltaí le feiceáil an mbeadh sé níos dóchúla go mbeadh níos lú bréagaisnéise le fáil nuair atá saoirse ag na meán, i gcomparáid le meáin a ndéanann an rialtas cinsireacht orthu. Is féidir dul chuig an Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa agus a thaispeáint do na daltaí cén rangú atá ag bhur dtír i dtéarmaí shaoirse na meán: https://rsf.org/en/index. Tá an suíomh gréasáin sin ar fáil i 6 theanga, tá sé sách físiúil agus níl mórán téacs ann.

Nóta Rabhaidh: Foghlaim trí ghníomhaíocht

Is modh iontach eispéireasach é foghlaim trí ghníomhaíocht chun domhainfhoghlaim a bhaint amach, agus d'fhéadfadh roinnt múinteoirí/oideoirí a iarraidh ar dhaltaí a gcuid bréagaisnéise féin a chruthú. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir ealaíne iarraidh ar dhaltaí saorbhrionnuithe a chruthú le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun a thaispeáint dóibh an bealach a gcruthaítear iad. B'fhéidir go dtabharfadh sé sin tuiscint níos fearr dóibh maidir leis an mbealach a gcruthaítear saorbhrionnuithe, ach baineann rioscaí leis sin. Tá an riosca ann go n-úsáidfidh na daltaí na scileanna nua sin ar bhealaí míchuí (amhail chun cibearbhulaíocht a dhéanamh ar dhaltaí eile). Ligeann saorbhrionnuithe do dhaltaí aghaidh duine eile a chur ar ghrianghraf a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh agus é a scaipeadh mar ghrianghraf 'fíor'. Baineann na hábhair imní chéanna le hiarraidh ar dhaltaí íomhánna a mhodhnú chun a thaispeáint dóibh an bealach ar féidir é sin a dhéanamh. Tá sé ríthábhachtach go ndírítear ar na céimeanna is féidir le daltaí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis (treoshuíomh réitigh).



Céard is seiceáil fíricí ann?

Mar a luaitear sa roinn ar shainmhínithe sna Treoirlínte seo, is é seiceáil fíricí an próiseas a bhaineann le fíorú cé acu fíor nó bréagach atá an fhaisnéis. Is féidir é a dhéanamh le haon chineál meán (agus le haghaidh téacs agus íomhánna físiúla). Chun a chinneadh an mbíonn an fhaisnéis iontaofa, is féidir na ceisteanna seo a leanas a chur: *Cé hé/hí an t-údar? Cén fhianaise atá ann agus céard a deir foinsí inchreidte eile – chomh maith leis sin, céard is foinse inchreidte ann?* Is minic a bhíonn cuardaigh téacs agus cuardaigh claoníomhánna úsáideach nuair a dhéantar seiceáil fíricí. Is féidir le cuardaigh den sórt sin cabhrú chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá téacs cruinn nó atá íomhá modhnaithe agus/nó bainte as an gcomhthéacs. Tá seiceáil fíricí úsáideach sula bhfoilsítear an fhaisnéis agus ina dhiaidh sin freisin.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Suíomhanna gréasáin ina bhfuil seiceálaithe áitiúla fíricí nó cinn idirnáisiúnta atá ar fáil i do theanga a chur i láthair na ndaltaí.
- Cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí teacht chuig an seomra ranga/scoil chun labhairt faoi bréagaisnéis agus seiceáil fíricí.
- Físeáin ar líne a thaispeáint do dhaltaí (atá oiriúnach dá n-aois), ina mínítear bréagaisnéis agus seiceáil fíricí. Iarr orthu na físeáin a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile.
- Fáil amach cad iad na ENRanna áitiúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta atá ábalta cabhair a thairiscint maidir le fíricí a sheiceáil agus teagmháil a dhéanamh leo. Tá méadú tagtha ar líon na ENRanna a shainfheidhmíonn san ábhar sin agus oibríonn an-chuid díobh le scoileanna.
- Glac páirt mar scoil nó rang in imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, amhail an Lá Idirnáisiúnta um Sheiceáil Fíricí (mí Aibreáin de ghnáth). Sa nasc seo is féidir faisnéis a fháil i do theanga féin.

Plean Gníomhaíochta 9: Páirt a ghlacadh i Seiceáil fíricí

Seiceálann daltaí na fíricí a ghabhann le ráitis sna meáin ón lá céanna nó ón tseachtain chéanna ionas go mbeidh an ghníomhaíocht ábhartha. Beidh ort iad a threorú chuig roinnt foinsí a d'aimsigh tú roimh ré. Nuair atá na daltaí i mbun na oibre sin - ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga - is féidir leo na ceisteanna seo a leanas a chur orthu féin:

- CAD iad na foinsí a bhfuil muinín agam/againn astu?
- CÁ hÁIT ar féidir liom/linn na foinsí sin a aimsiú?
- CAD iad na mothúcháin a ndéantar iarracht a mhúscailt leis an bhfaisnéis, má tá aon cheann?
- CONAS a théann an fhaisnéis sin i bhfeidhm ar mo mhothúcháin agus mo thuairimí/ár mothúcháin agus ár dtuairimí (an n-éiríonn léi i mo chás/inár gcás féin, agus cén fáth)?
- CONAS gur féidir liom/linn an fhaisnéis sin a roinnt le húsáideoirí eile go freagrach?
- CÉN FÁTH ar scríobhadh an t-alt, cén cuspóir a ngabhann leis?
- CÉN cineál léitheora ar a bhí an t-alt dírithe (an spriocghrúpa)?
- CONAS gur féidir liom/linn cros-seiceáil a dhéanamh le fáil amach an bhfuil an fhaisnéis sin fíor nó bréagach?
- Más alt nuachta atá ann, CONAS a tharraingíonn sé aird na ndaoine (mar shampla dathanna láidre, íomhánna feiceálacha, ceannlínte móra, comharthaí uaillbhreasa)?



Cad a chiallaíonn bréagnú?

Tarlaíonn bréagnú tar éis an ghnímh, mar sin nuair a thángthas ar fhaisnéis bhréagach. Bíonn sé mar aidhm aige faisnéis bhréagach a cheartú agus cosc a chur ar dhaoine faisnéis a chreidiúint más féidir a fhíorú gur faisnéis bhréagach atá ann. Tuigeann na daoine a léann nó a fheiceann an fhaisnéis 'gur bréaga' atá á léiriú mar fhíric agus/nó mar fhírinne. Is féidir straitéisí seiceála fíricí a úsáid chun mífhaisnéis agus bréagaisnéis a bhréagnú.

Cad a chiallaíonn réamhbhréagnú?

Is próiseas atá i gceist le réamhbhréagnú ina dtugtar rabhadh do dhaoine roimh ré go bhfuil siad díreach chun bualadh le faisnéis bhréagach. Bunaítear é ar an réasúnú 'gurb ionann unsa coisc agus punt cúraim'. Is féidir réamhbhréagnú a mhúineadh do dhaltaí trí fhaisnéis atá fíriciúil agus domhain a thabhairt dóibh ar ábhar faoi leith i dtosach báire, sula mbuaileann siad le bréagaisnéis atá ann ar an ábhar céanna. Is féidir a rá leo roimh ré chomh maith cad iad na cineálacha bréagaisnéise a mbeifear ag súil leo.


Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Fiafraigh de na daltaí cad iad na cineálacha ráflaí agus cúlchainte a bhfuil siad ar an eolas fúthu cheana féin (agus má tá siad sásta iad a roinnt gan locht a chur ar aon duine). Fiafraigh díobh cén fáth go bhfuil sé deacair iad seo a bhréagnú.
- Labhair le comhghleacaithe faoi na cineálacha feachtas bréagaisnéise a bhfuil coinne leo i dtaca le príomhcheisteanna sóisialta sa tréimhse atá amach romhaibh. Cad iad na cineálacha bréagaisnéise a bhfuil coinne leo? Cruthaigh roinnt gníomhaíochtaí a chlúdaíonn ábhair éagsúla a bhfuil bréagnú i gceist leo.

Leid 10: Ag obair le do dhaltaí ar réamhbhréagnú agus ar bhréagnú

Mar mhúinteoir/oideoir, teastaíonn scileanna bainistíochta maithe sa seomra ranga chun díriú ar réamhbhréagnú agus ar bhréagnú, toisc go bhfuil an baol ann go gcreidfeadh na daltaí cuid den fhaisnéis bhréagach a scaiptear. Is féidir leat díriú ar cheisteanna atá sách neamhchonspóideach do na daltaí ar dtús, mar a luaitear sa roinn '*An Cúlra a Thabhairt*', chun drogall agus neamhshuim na ndaltaí a chosc. D'fhéadfaí a áireamh leis sin faisnéis bhréagach, ráflaí nó cúlchaint a scaipeadh i bhfad sular rugadh iad (mar shampla scaoll morálta um chailleacha sa Mheánaois) nó faisnéis bhréagach nach mbaineann ar chor ar bith lena réaltacht féin (I dtíortha éagsúla creidtear go mbeidh leanbh diabhalta agat má itheann tú portán). Tá sé réasúnta éasca agus neamhbhagrach do dhaltaí an fhaisnéis bhréagach sin a bhréagnú - tríd an eolas go léir a thagann ó bhreathnú siar agus ón eolaíocht. Is gníomhaíocht úsáideach do dhaltaí í faisnéis den chineál sin a bhréagnú ag baint úsáid as fianaise agus as an eolaíocht.

Nuair a thuigeann daltaí conas bréagnú a dhéanamh, is féidir iarradh orthu an fhaisnéis chéanna a réamhbhréagnú más rud go dtiocfadh sí chun cinn arís. Is féidir a fiafraí díobh chomh maith an raibh an cur chuige a d'úsáid siad chun bréagnú agus réamhbhréagnú a dhéanamh mar an gcéanna nó an dá mhodh éagsúla iad.



Measúnú a dhéanamh ar chreidiúnacht na faisnéise agus conas foinsí dlisteanacha a aimsiú agus a úsáid

Cad a chiallaíonn sé agus cén fáth go bhfuil sé tábhachtach?

Baineann seiceáil fíricí, bréagnú agus réamhbhréagnú go léir le cumas (na ndaltaí) cruinneas faisnéise a mheas, foinsí dlisteanacha a úsáid agus smaoineamh go criticiúil faoi fhaisnéis. Tugtar na milliúin freagraí do dhaltaí i dtaca le gach aon cheist gurbh fhéidir a shamhlú, agus d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach cuidiú leo chun idirdhealú a dhéanamh idir fíricí, tuairimí agus bréagaisnéis (agus mífhaisnéis). Is dúshlán é oibriú le daltaí maidir le conas an domhan digiteach a thuiscint ach is deis é chomh maith béim a leagadh ar na tairbhí a bhaineann leis an gcumas chun faisnéis atá cruinn agus saibhir ó thaobh an oideachais de a aimsiú ar líne. Tugtar an deis do na daltaí domhan faisnéiseach luachmhar a aimsiú trí na huirlisí cuí a thabhairt dóibh chun faisnéis inchreidte a aithint. Ciallaíonn sé chomh maith go dteastaíonn buntuiscint uathu ar an gcaoi a gcruthaítear agus a scaiptear bréagaisnéis.


Gnéithe éagsúla na bréagaisnéise a thuiscint

Gnéithe teicniúla na bréagaisnéise

Tuigeann formhór na ndaltaí conas uirlisí digiteacha a úsáid ach ní thuigeann siad conas iad a úsáid go freagrach nó an chaoi a gcuidíonn an teicneolaíocht chomhaimseartha chun bréagaisnéis a scaipeadh. Mar shampla, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as an Intleacht Shaorga (IS) chun domhainbhrionnuithe a chruthú cé gur uirlis chumhachtach í chun dul i ngleic le bréagaisnéis agus mífhaisnéis. Is féidir le líonraí botaí faisnéis neamhchruinn a scaipeadh ar líne. Tugann tuiscint ar ghnéithe teicniúla na bréagaisnéise léargas dúinn ar conas a oibríonn an bhréagaisn.

Plean Gníomhaíochta 10: Plé ar ghnéithe teicneolaíocha na bréagaisnéise le daltaí

Is féidir tús simplí a chur leis sin trí fhiafraí sa seomra ranga an gceapann na daltaí gur féidir le teicneolaíocht na n-uirlisí digiteacha bréagaisnéis a scaipeadh go héifeachtach agus cén fáth a gceapann siad gurb amhlaidh an cás. Is féidir bunlíne a chruthú ar an gcaoi sin ar féidir leat oibriú léi. Féadfaidh sé cuidiú leat chomh maith deireadh a chur le miotais agus le tuiscintí bréagacha. Féadfaidh an cineál gníomhaíochta sin a bheith ar siúl sa bhunscoil cheana féin.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil a fhios acu conas a oibríonn algartaim, clicmhealladh agus botaí (ó thaobh na teicneolaíochta de).
- Daltaí a chur i mbun taighde (in áit freagraí na gceisteanna thuas a sholáthar). Abair leo dul ar líne agus 1-2 fhíseán ghearra a aimsiú ina bhfuil míniúchán maith air sin dar leo, mar shampla. Roghnaigh ceann nó dó chun taispeáint don rang.
- Breathnaigh ar na cluichí oideachasúla ar líne atá ag éirí níos coitianta ina dtugtar léargas do dhaltaí agus do dhaoine eile ar conas a oibríonn bréagaisnéis.

Gnéithe eiticiúla na bréagaisnéise

Anuas ar ghnéithe teicniúla na bréagaisnéise, féadfaidh plé ar ghnéithe eiticiúla na bréagaisnéise pictiúr níos fearr a thabhairt do dhaltaí ní hamháin i dtaca leis an gcaoi a n-oibríonn sí ach an baol a bhaineann leis an mbréagaisnéis chomh maith, na cineálacha baoil a d'fhéadfaí a chruthú do dhaoine aonair agus don tsochaí léi agus a gcuid freagrachtaí féin sa domhan digiteach, go háirithe an fhreagracht atá orthu gan bréagaisnéis a roinnt agus rabhadh a thabhairt do dhaoine eile ina leith.

Leid 11: Nasc a dhéanamh le Cearta an Duine

Féadfaidh plé ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine amhail saoirse an phreasa, saoirse cainte agus saoráil faisnéise chomh maith le conas agus cén fáth gur cheart d'ardáin na meán sóisialta ábhar a chruthú, tuilleadh léargais a thabhairt do dhaltaí i dtaca le bréagaisnéis agus na dúshláin a bhaineann le scaipeadh di.

Is féidir leat úsáid a bhaint as meascán de mhodhanna plé, dialóige agus machnaimh chun na daltaí a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh san ábhar. Mar shampla, iarr ar dhaltaí plé a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le cosc ar chur ar dhaoine áirithe óna meáin shóisialta nó cosc a chur ar ábhar áirithe. Cad a cheapann siad faoi sin? Cad iad na hargóintí a úsáideann siad? Is féidir leat aiseolas a thabhairt dóibh maidir le dlíthiúlacht beart éagsúil chun deireadh a chur le bréagaisnéis. Ciallaíonn sé sin gur cheart a bheith ar an eolas faoin dlí.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Amharc ar thionscnaimh bheartais an Aontais le déanaí chun srian a chur ar scaipeadh na bréagaisnéise (e.g. EU's 2022 Code of Practice on Disinformation[7] [Cód Cleachtais an Aontais maidir leis an mBréagaisnéis 2022], an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[8] agus an Gníomh um Margaí Digiteacha[9])
- Iarr ar dhaltaí a gcuid tuairimí féin a nochtadh maidir leis an tionscnamh thuas (go háirithe sna meánscoileanna) trí obair ghrúpa bhig nó leis an rang ar an iomlán.
- Lig do dhaltaí amharc ar fhógraí i dtosach báire agus fiafraigh díobh cad atá na fógróirí ag iarraidh a bhaint amach agus cén fáth? Cad é an difríocht idir seo agus bréagaisnéis? Cén chaoi?
- Fiafraigh de dhaltaí cá dtarraingíonn siad an líne maidir le saoirse cainte? Ar cheart gach cineál saoirse cainte a cheadú fiú más féidir a fhíorú go bhfuil sí bréagach agus má dhéanann sí dochar?
- Cuir feachtas le chéile leis na daltaí chun rabhadh a thabhairt do bhaill eile den phobal scoile i gcoinne na bhfoirmeacha bréagaisnéise is coitianta ag an bpointe sin.


Eacnamaíocht na bréagaisnéise

Mar a luaitear ag tús na roinne, is féidir brabús eacnamaíoch a bheith mar thoradh ar bhréagaisnéis. Is féidir leat tús a chur leis sin tríd an gceist a chur ar na daltaí cad iad na cuideachtaí a bheidh ag iarraidh díriú ar a n-aoisghrúpa féin leis an bhfaisnéis sin?



Plean Gníomhaíochta 11: Plé ar eacnamaíocht na bréagaisnéise

Is féidir leat tosú le gníomhaíocht machnaimh ina gcuireann tú ceist ar dhaltaí faoi na caithimh aimsire, na spéiseanna agus na tuairimí atá acu. I ndáil leis na rudaí a dtaitníonn agus nach dtaitníonn leo, cuir ceist orthu faoi cé a bheadh ag iarraidh margaíocht a dhíriú orthu. Cad atá na cuideachtaí nó na heagraíochtaí sin ag iarraidh a bhaint amach? Cén chaoi a ndéanann siad é sin? Conas a chuidíonn algartaim na meán sóisialta leo chun é sin a dhéanamh? Féadfar obair den chineál sin a dhéanamh i dtosach báire mar sheisiún tobsmaointeoireachta nó i ngrúpaí beaga mar shampla.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Fiafraigh de na daltaí an mbaineann siad úsáid as ríomhthráchtáil. An bhfaca siad aon chineál caimiléireachta agus í in úsáid acu? Cén cineál caimiléireachta? Cén fáth go mbainfeadh cuideachtaí úsáid as caimiléireacht?
- Ceist a chur ar na daltaí faoi na cuideachtaí a bheidh ag iarraidh díriú ar a gcohórt féin trí mhargaíocht? Is féidir leo labhairt faoina n-eispéiris féin chomh maith, má tá siad sásta é sin a dhéanamh.
- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil a fhios acu cad a chiallaíonn fioscaireacht. Mínigh í dóibh mura dtuigeann siad. Cén baol a chruthaíonn fioscaireacht?
- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil a fhios acu conas a dhéanann ardáin na meán sóisialta airgead. Mínigh é dóibh mura dtuigeann siad. Fiafraigh de na daltaí an bhfuil a fhios acu cad a chiallaíonn algartam. Mínigh é dóibh mura dtuigeann siad. An féidir leo smaoineamh ar na himpleachtaí a ghabhann le halgartaim a úsáid chun taithí ar líne a phearsantú, lena n-áirítear fógraíocht phearsantaithe do dhaoine aonair agus don tsochaí? Cad iad na himpleachtaí dóibh féin agus dá bpiaraí?

[7] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/code-practice-disinformation

[8] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/digital-services-act-package#:~:text=The%20Digital%20Services%20Act%20and,level%20playing%20field%20for%20businesses

[9] https://competition-policy.ec.europa.eu/sectors/ict/dma_en

Roinnt gnéithe cognaíocha agus mothúchánacha na bréagaisnéise

Bíonn sé dúshlánach uaireanta a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil faisnéis áirithe bréagach mar gheall ar mheicníochtaí cognaíocha agus mothúchánacha coitianta, a bhaineann go dlúth le daoine, agus go minic ní ghlacaimid le faisnéis cheartaitheach de bharr na meicníochtaí sin. Teipeann ar chur in iúl fíricí agus fírinní go minic cur ina luí ar dhaoine go bhfuil a gcuid tuairimí mícheart. Ní chreidimid go minic go bhfuilimid soghabhálach i leith bréagaisnéise. Sin an fáth go mbíonn sé tábhachtach go bhforbraíonn daoine óga meon oscailte, go dtuigeann siad go bhfuil an-chuid sraitheanna ag an réaltacht agus nach bhfuil freagraí éasca ar cheisteanna casta.

Bosca 5: Príomhmheicníochtaí cognaíocha agus mothúchánacha a chuireann cosc ar dhaoine (óga) glacadh le fianaise nach dtagann lena gcuid tuairimí

Riachtanas um muintearas agus um fhéiniúlacht shóisialta: is daoine aonair muid uile a bhfuil ár gcreidimh agus ár luachanna indibhidiúla féin againn, ach is daoine sóisialta muid chomh maith a bhfuil riachtanas láidir againn chun a bheith mar chuid de ghrúpaí sóisialta. Bainimid an-chuid duaiseanna as an muintearas seo le grúpaí sóisialta agus de ghnáth bímid sásta íobairtí a dhéanamh (lena n-áirítear neamhaird a dhéanamh d'fhianaise a théann i gcoinne ár dtuairimí féin) chun ár bhféiniúlacht grúpa a choinneáil.

Claontaí deimhniúcháin agus neamhdheimhniúcháin: claonadh deimhniúcháin: tá fonn síceolaíoch neamh-chomhfhiosach ag daoine de gach aois deimhniú a lorg i leith na gcreideamh atá acu cheana féin in áit faisnéise a bhréagnódh a gcuid creideamh nó a dhéanfadh níos casta iad. Claonadh neamhdheimhniúcháin: claonadh an duine neamhaird a dhéanamh d'fhaisnéis agus do dhearbhuithe a cheistíonn na creidimh atá againn nó diúltú dóibh, fiú nuair is léir go bhfuil siad fíor.

Éifeacht an chomhdhearcaidh bhréagaigh: bíonn sé de nós ag daoine (óga) rómheastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine eile a bhfuil an creideamh (mícheart) céanna acu.

Éifeacht 'dul leis an slua': glactar le smaoineamh nó creideamh toisc go ndealraíonn sé go bhfuil sé á dhéanamh ag gach duine.

Réalachas saonta: claonadh an duine a chreidiúint go bhfuilimid réasúnach, oibiachtúil agus neamhchlaonta nuair a dhéanaimid léirmhíniú ar cad a fheicimid timpeall orainn agus go bhfuil daoine eile neamhréasúnta, claonta nó go bhfuil míthuiscint acu.



Éifeacht an Tionchair Leantaigh: an feiniméan go mbíonn tionchar fós ag faisnéis (bhréagach) neamhiontaofa ar ár n-iompraíocht agus ár gcreidimh. Braitheann daoine fós ar an bhfaisnéis bhréagach nuair a bhaineann siad ciall as faisnéis, agus nuair a dhéanann siad réasúnú nó cinntí. Fuarthas amach go bhfuil sé seo fíor go háirithe nuair a thugtar aghaidh ar theoiricí comhcheilge (Féach an Bosca ar theoiricí comhcheilge).


Plean Gníomhaíochta 12: Plé ar Theoiricí Comhcheilge

Cuir daltaí i mbun taighde ar líne i dtosach báire faoi cad atá i gceist le teoiricí comhcheilge agus treoraigh iad chuig seanteoiricí comhcheilge nach bhfuil chomh conspóideach sin i ndomhan an lae inniu (is gá don mhúinteoir obair ullmhúcháin a dhéanamh don chur chuige sin). Cé a scaipeann na teoiricí sin? Conas a scaipeadh iad? Cén fáth ar scaipeadh iad - cad chuige? Cad iad na hiarmhairtí? Cén ról a bhí ag ráfla, cúlchaint agus réamhchlaonadh? Is féidir léargais níos doimhne teacht ón bpróiseas féinfhollasaithe seo.

Iarr ar dhaltaí na cosúlachtaí go léir atá idir na teoiricí comhcheilge seo a aithint. Cén cineál mothúchán a mheallann siad?

Cuir ceist ar dhaltaí ina dhiaidh sin faoi na difríochtaí atá ann idir teoiricí comhcheilge agus formhór na bréagaisnéise eile.

Fiafraigh de na daltaí conas idirdhealú a dhéanamh idir fíorchomhchealga (tá cinn ann) agus na cinn nach bhfuil bunaithe ar réaltacht.




Nóta Rabhaidh: Teoiricí comhcheilge a phlé

Baineann cineál speisialta faisnéise le teoiricí comhcheilge a d'fhéadfadh a bheith frithsheasmhach in aghaidh fíricí agus faisnéise. Mar gheall ar a gcineál, tá siad deacair a bhréagnú. Tá siad thar a bheith tugtha d'éifeacht an tionchair leantaigh, mar a dhearnadh tagairt di níos luaithe. Dá bhrí sin, teastaíonn aird níos cúramaí go minic i gcomhair plé ar theoiricí comhcheilge le daltaí.

De ghnáth, is iad seo a leanas príomhghnéithe na dteoiricí comhcheilge:

- Déantar iarracht tuairimí agus creidimh a ionramháil.
- Ní píosaí faisnéise bréagaí scaoilte iad ach cinn atá ceangailte le dearcadh sochaíoch níos leithne maidir leis an méid atá ceart agus mícheart sa domhan.
- Aithnítear íospartaigh (go minic grúpa sóisialta an duine féin) agus déantóirí na coire (daoine eile) leo.
- Déantar iarracht cur le braistint muintearais grúpa (Sinne in aghaidh lad Siúd) agus tugtar gairm chun gnímh le tuiscint iontu.
- Cuireann siad locht as ócáidí diúltacha ar eagraíochtaí agus ar 'réaltachtaí' a bhfuil sé deacair teacht orthu, atá faoi cheilt nó rúnda.
- Glacann siad leis go bhfuil grúpaí cumhachtacha daoine ann a bhfuil rudaí á gcoinneáil faoi cheilt acu uainn agus iarracht á déanamh acu chun dochar a dhéanamh.
- Cuireann siad nithe fíora agus nithe bréagacha le chéile chun a bheith níos éifeachtaí.
- Impíonn siad ar mhothúcháin agus tá siad frithsheasmhach in aghaidh aon chineál fianaise.
- Is féidir le teoiricí comhcheilge brabús eacnamaíoch nó polaitíochta a chruthú do na daoine a scaipeann iad.





8. Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach ar scoil agus sa seomra ranga: treoir phraiticiúil do mhúinteoirí agus oideoirí

Is cuid bhunúsach agus riachtanach den scoil é rochtain a fháil ar dhul chun cinn an dalta ó thaobh an oideachais de san Eoraip agus ceann de na cúraimí tábhachtacha atá agat mar mhúinteoir/oideoir. Baineann sé seo chomh maith le measúnú ar leibhéil na ndaltaí i dtaca le litearthacht dhigiteach.

D'fhéadfadh sé sin a bheith dúshlánach toisc gur réimse réasúnta nua oideachais é litearthacht dhigiteach. Cuimsíonn na hinniúlachtaí a bhaineann le litearthacht dhigiteach eolas, dearcthaí agus scileanna. Mar sin, ba cheart go bhfuil aon mheasúnúcuimsitheach ar dhaltaí ilghnéitheach agus ag feidhmiú mar iarracht chun na trí rud sin a mheas. Is fearr máistreacht agus dul chun cinn a bhaineann le litearthacht dhigiteach a cheangal leis an táirge (deiridh) agus leis an bpróiseas araon. Ina theannta sin, déanfaidh sé difríocht don chaoi a ndéantar measúnú ar mháistreacht agus ar dhul chun cinn má mhúintear litearthacht dhigiteach thar réimsí ábhar (trasnaí) seachas mar ábhar scartha.

Cad gur féidir linn a mheas agus cad gur cheart dúinn a mheas?

Is gné lárnach den litearthacht dhigiteach í an smaointeoireacht chriticiúil, toisc go gcuireann sí sin ar a gcumas do dhaltaí a bheith frithsheasmhach i dtimpeallacht dhigiteach, áit ina scaiptear nuacht shaofa agus bhréagach in éineacht le faisnéis iontaofa. Is ceist thábhachtach í d'aon mhúinteoir a fhiafraí an bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí ag daltaí chun gabháil tríd an domhan digiteach go héifeachtach.

Is féidir measúnú a dhéanamh ar dhaoine óga ó thaobh na litearthachta digití de réir gnéithe amhail: (1) a gcumas chun fíricí agus tuairimí a scaradh óna chéile, (2) a gcumas chun straitéisí ionramhálacha a aithint, (3) a gcumas chun seiceáil fíricí a dhéanamh ar fhaisnéis ar líne, (4) a gcumas chun faisnéis a aimsiú, a úsáid agus a chruthú ar bhealaí atá criticiúil, fiúntach agus cruthaitheach, agus (5) a gcumas chun gléasanna digiteacha a úsáid go héifeachtach.

Leid 12: Cumarsáid a dhéanamh le comhghleacaithe

Léargas a fháil ar an gcaoi a ndéanann do chomhghleacaithe measúnú ar litearthacht dhigiteach, má tá an measúnú sin á dhéanamh acu, agus na cineálacha uirlisí atá in úsáid acu. Is dócha go bhfuil roinnt uirlisí níos iontaofa agus níos cruinne ná cinn eile.



Cineálacha cleachtas measúnaithe

Tá an-chuid bealaí ann chun measúnú a dhéanamh ar dhaltaí agus litearthacht dhigiteach a chur chun cinn san oideachas. Bealaí coitianta chun measúnú a dhéanamh ar mháistreacht agus ar dhul chun cinn ná tástálacha ar eolas agus ar scileanna, meastóireacht a dhéanann tú agus féinmheastóireacht an dalta, chomh maith le machnamh ar thorthaí na dtástálacha nó eispéireas foghlama. B'fhéidir go mbeidh tú ag iarraidh meascán tástálacha agus cineálacha eile meastóireachta a úsáid chun léargas fírinneach a fháil ar conas atá ag éirí leis na daltaí. Tá an-chuid acmhainní agus uirlisí measúnaithe iontaofa ann cheana féin chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht dhigiteach na ndaltaí. Cuirtear cuid díobh i láthair i **mBoscaí 6–8**. Déanann uirlisí dá leithéid measúnú, mar shampla, ar an eolas agus ar na scileanna atá ag daoine fásta agus de dhaltaí chun anailís, comparáid agus meastóireacht a dhéanamh go criticiúil ar chreidiúnacht agus iontaofacht na faisnéise ar líne.

[10] Is éard atá i gceist le taobhléitheoireacht go bunúsach an méid a léann tú a fhíorú agus é á léamh agat.

[11] Foinse: Wineburg, S., Breakstone, J., McGrew, S., Smith, M. D., & Ortega, T. (2022). Lateral reading on the open Internet: A district-wide field study in high school government classes. Journal of Educational Psychology. Advance online publication. https://doi.org/10.1037/edu0000740

Leid 13: Inniúlacht na ndaltaí a mheas



Bain úsáid as meascán de cheisteanna iata, ceisteanna oscailte agus aistí gearra nuair a dhéantar measúnú ar inniúlachtaí na ndaltaí i dtaca le litearthacht dhigiteach.

D'fhéadfadh measúnú ar **eolas** na ndaltaí ceisteanna scrúdaithe a áireamh ina n-iarrtar ar dhaltaí foinsí iontaofa ar líne maidir le topaicí éagsúla a liostú, cur síos a dhéanamh ar an difríocht idir alt tuairimíochta agus nuacht dháiríre, idirdhealú a dhéanamh idir gairmí sna meáin agus iriseoireacht shaoránaigh, agus tuairisc a thabhairt ar conas a théann algartaim i bhfeidhm ar chuardaigh.

Is féidir tástáil a dhéanamh ar **scileanna** litearthachta digití na ndaltaí trí mheasúnuithe ina n-iarrtar orthu faisnéis a aithint a dhéanann iarracht dallamullóg a chur ar dhaoine nó iad a ionramháil i gcomparáid le faisnéis atá neodrach nó cothrom, nó an méid lena nglactar mar fhianaise a aithint maidir le maíomh, anailís nó breithiúnas. D'fhéadfaí a áireamh leis sin ceisteanna measúnaithe ina n-iarrtar ar dhaltaí iontaofacht a rátáil maidir le hailt, ceannlínte nó postálacha éagsúla ar na meáin shóisialta (féach an sampla i **mBosca 6**), is féidir a 'scóir' a úsáid chun plé a dhéanamh ar conas a gcuid scileanna a fheabhsú.

Bosca 6: Sampla de mheasúnú ina ndéantar scrúdú ar chumais na ndaltaí chun ceannlínte ionramhálacha a aithint

1. Fíor nó bréagach? Fostríoc Fíor nó Bréagach faoi na ceannlínte thíos.
   a. Ionramhálann Rialtas Dearcadh an Phobail ar Innealtóireacht Ghéiniteach Ionas go nGlacann Daoine Níos Fearr leis na Teicnící Sin (Fíor nó Bréagach)
   b. Tá Dearcaidh i leith an AE Diúltach Den Chuid is Mó Taobh Istigh den Eoraip agus Lasmuigh De (Fíor nó Bréagach
   c. Tá Vacsaíní Áirithe Lán de Cheimiceáin agus de Thocsaíní atá Dainséarach (Fíor nó Bréagach)
2. Tabhair údar le do chuid freagraí i gceist 1 - cén fáth go gcreideann tú go bhfuil na ceannlínte fíor nó bréagach? Conas is féidir leat a fháil amach an bhfuil na ceannlínte fíor nó míthreorach?

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Is ceannlínte bréagacha iad ceannlíne 1a agus 1c agus is fíor-cheannlíne nuachta í 1b. Is samplaí de theoiricí comhcheilge iad samplaí 1a agus 1c. Tá 1c ionramhálach ó thaobh na mothúchán de. Is bealaí maithe iad ceist a chur ar shaineolaí nó seiceáil fíricí a dhéanamh ar an bhfaisnéis i bhfoinsí iontaofa eile chun fáil amach cad atá ceart.



Is féidir **scileanna** seiceála fíricí na ndaltaí a mheas trí chúraimí ina mbíonn orthu páirt a ghlacadh i dtaobhléitheoireacht,[10] a gcumas chun cuardaigh claoníomhá agus cuardaigh téacs a dhéanamh le hinnill chuardaigh éagsúla agus a gcumas chun bréagaisnéis a bhréagnú (e.g. leibhéal na castachta). Is féidir measúnú a dhéanamh ar a gcuid scileanna chun íomhánna ionramháilte agus domhainbhrionnuithe a aithint trí scrúdú a dhéanamh ar an leibhéal scileanna atá acu chun acmhainní digiteacha a úsáid le haghaidh faisnéis mhíthreorach a bhréagnún.

Is féidir leat scileanna réitithe fadhbanna dalta a mheas ar bhealaí éagsúla. Is féidir leat 'scéalta bréagaisnéise' a thabhairt dóibh agus a iarradh orthu réitigh a aimsiú. D'fhéadfaí a áireamh leis sin ceist a chur orthu faoin gcaoi a ndéanfadh siad na fíricí a sheiceáil, an fhaisnéis a réamhbhréagnú nó a bhréagnú agus an obair a mheas (más alt, straitéis nó rud éigin níos cruthaithí fiú).


Bosca 7: Sampla de cheisteanna measúnaithe a dhéanann scrúdú ar scileanna na ndaltaí chun cuardaigh a dhéanamh ar líne trí úsáid a bhaint as taobhléitheoireacht[11]

Glac 8 nóiméad chun an cúram seo a dhéanamh.

Tá taighde ar siúl agat ar an téamh domhanda agus tagann tú ar an suíomh gréasáin seo: https://friendsofscience.org. Déan cinneadh más foinse faisnéise iontaofa í an suíomh gréasáin sin maidir leis an téamh domhanda. Is féidir leat táb nua a oscailt chomh maith agus cuardach idirlín a dhéanamh má chuidíonn sé sin.

1. An foinse iontaofa í an suíomh gréasáin seo chun foghlaim faoi théamh domhanda?
   - Coimeádann
   - Líon
2. Mínigh do fhreagra, ag tagairt d'fhianaise ó na leathanaigh ghréasáin ar bhain tú úsáid astu. Déan cinnte de go soláthraíonn tú URLanna chuig na suíomhanna gréasáin a ndéanann tú tagairt dóibhe.

[réimse oscailte don fhreagra]



Is féidir **scileanna** litearthachta digití na ndaltaí a mheas chomh maith tríd an méid seo a leanas:

- scrúdú a dhéanamh ar a gcuid cumas chun fógraí a scaradh ón nuacht nó a gcumas chun foinsí iontaofa a aithint agus iad i mbun taighde ar cheist shóisialta faoi leith. Fiú má bhaineann daltaí úsáid as uirlisí digiteacha ar bhonn laethúil, seans nach mbeidh na scileanna cuí acu chun fíricí a sheiceáil. Dá bhrí sin, is féidir tástáil a dhéanamh, mar chuid de mheasúnú, ar chumais na ndaltaí chun uirlisí digiteacha a úsáid nuair a dhéanann siad mar shampla, taighde ar thuairimí malartacha, bréaga a bhréagnú agus cuardaigh ar líne i gcomhair faisnéise (féach an sampla i **mBosca 7** thuas).
- úsáid a bhaint as punanna. Is féidir cur le feasacht na ndaltaí ar conas a chruthaítear bréagnuacht trí iarradh orthu tvuít bhréagach nó alt bréagnuachta a chruthú iad féin agus plé a dhéanamh ina dhiaidh ar conas a rachadh siad i gcion ar na léitheoirí (ba cheart treoir chúramach a thabhairt chuige sin mar gheall ar na cúiseanna a luadh níos luaithe).

Is féidir **dearcthaí** na ndaltaí i leith faisnéis ar líne a mheas chomh maith. Tá sé tábhachtach nach bhfuil na daltaí 'soineanta' nuair a bhaineann siad úsáid as faisnéis ar líne. Mothaíonn an-chuid daoine go bhfuil siad 'imdhíonach' in aghaidh bréagaisnéise agus bíonn siad muiníneach as na foinsí a bhfuil siad ar an eolas fúthu. Tá sé tábhachtach, mar sin, measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chreideann siad go bhfuil faisnéis ar líne iontaofa. Ba cheart dóibh tábhacht na rochtana ar fhaisnéis iontaofa a thabhairt faoi deara chomh maith. Is féidir measúnú a dhéanamh ar na ceisteanna sin trí iarraidh ar dhaltaí iontaofacht na faisnéise ar líne a rátáil, ar scála ó 'uile' go 'faic', chomh maith le ceist lena n-iarrtar orthu tábhacht a gcuid rochtana ar nuacht iontaofa a rátáil (féach **Bosca 8** thíos). Is ionann **meonta** tairbheacha atá ceangailte le litearthacht dhigiteach agus **meonta** a cheistíonn ionracas na faisnéise ar líne agus **meonta** dearfacha maidir le rochtain ar nuacht iontaofa.

Bosca 8: Samplaí de mheasúnuithe ina ndéantar scrúdú ar mheonta na ndaltaí i leith faisnéise.[12]

1. Cé mhéad den fhaisnéis ar an idirlíon atá iontaofa dar leat?

Uile ---------- Faic

2. Cé chomh tábhachtach is atá sé go bhfaigheann tú nuacht iontaofa?

Níl sé tábhachtach ar chor ar bith ---------- Thar a bheith tábhachtach

3. Mothaím go bhfuil an-chuid bealaí míchearta, ach níl ach bealach ceart amháin, maidir le beagnach gach aon rud.

Aontaím go láidir ---------- Easaontaím go láidir

4. Ba cheart neamhaird a dhéanamh d'fhianaise a thagann salach ar do chreidimh sheanbhunaithe.

Aontaím go láidir ---------- Easaontaím go láidir


5. Creidim go bhféadfaidh na tuairimí éagsúla atá ag daoine i sochaithe eile maidir leis an difear idir ceart agus mícheart a bheith bailí dóibh siúd.

Aontaím go láidir ---------- Easaontaím go láidir

6. Ba cheart do dhaoine smaoineamh ar fhianaise a théann i gcoinne a gcuid creideamh i gcónaí.

Aontaím go láidir ---------- Easaontaím go láidir

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara: Déanann Ceist 1 measúnú ar cé chomh soineanta nó hamhrasach is atá daltaí i leith faisnéise ar líne, déanann Ceist 2 measúnú ar dhearcthaí na ndaltaí i leith nuachta iontaofa, déanann Ceist 3 measúnú ar an dogmatachas, déanann Ceist 4 measúnú ar fhrithsheasmhacht in aghaidh fíricí, déanann Ceist 5 measúnú ar smaointeoireacht sholúbtha agus déanann Ceist 6 measúnú ar an neamhchlaontacht.




[12] Samplaí ó Nygren, T., & Guath, M. (2022). Students Evaluating and Corroborating Digital News. Scandinavian Journal of Educational Research, 66(4), 549-565. doi:10.1080/00313831.2021.1897876; Roozenbeek, J., Maertens, R., Herzog, S. M., Geers, M., Kurvers, R. H., Sultan, M., & van der Linden, S. (2021). Susceptibility to misinformation is consistent across question framings and response modes and better explained by open-mindedness and partisanship than analytical thinking. Judgment and Decision Making. In press.

[13] DigCompSAT https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC123226

Is **meon** tábhachtach é neamhchlaontacht ghníomhach na ndaltaí nach mór measúnú a dhéanamh air toisc go mbaineann meon dearfach i leith fianaise nua agus meonta éagsúla a ghlacadh go dlúth le cumais na ndaoine chun bréagaisnéis a thuiscint. Is féidir é sin a mheas trí bhreathnú, trí ghníomhaíochtaí éagsúla, ar cé chomh toilteanach is atá daltaí chun a ndearcadh i leith ceisteanna a athrú nuair a fhaigheann siad amach go bhfuil fianaise láidir ann i gcoinne a gcuid tuairimí. Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar **mheonta** na ndaltaí ar líne agus ar a gcuid béasaí ar na meáin shóisialta. Ciallaíonn sé sin nach mór breathnú ar stíleanna cumarsáide na ndaltaí agus iad i mbun comhoibrithe nó díospóireachta le daoine eile ar líne mar shampla. D'fhéadfaí breathnú, mar chuid den mheasúnú seo, an gcuireann siad tús le hionsaí pearsanta, maslaí, drochmheas agus/nó an léiríonn siad easpa tuisceana i leith mí-ádh daoine eile.

Leid 14: Machnamh a dhéanamh ar chineál an mheasúnaithe



Téann measúnú níos faide ná eolas an dalta ar fhíricí nó ar cad atá fíor nó cad nach bhfuil, agus ar cad atá claonta agus cad nach bhfuil. Baineann sé chomh maith le measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhfuil meon criticiúil ag daltaí, ar cé chomh neamhchlaonta is atá siad nó chomh oscailte i leith frithfhianaise agus an éisteoirí gníomhacha iad. Tá meonta mar sin riachtanach chun a bheith mar shaoránaigh fhreagracha, ghníomhacha.

Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Measúnú a dhéanamh ar eolas, meonta, agus scileanna na ndaltaí roimh an teagasc agus ina dhiaidh.
- Ionstraimí tomhais iomadúla a chur le chéile, go háirithe iad siúd a fuarthas a bheith iontaofa.
- Úsáid a bhaint as ionstraimí measúnaithe lena dtomhaistear eolas, meonta agus scileanna.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le hionstraimí measúnaithe nua agus níos fearr ar féidir leo tuiscint níos fearr a thabhairt maidir le máistreacht agus dul chun cinn an dalta, go háirithe cionn is go bhfuil réimse na litearthachta digití ag fás go tapa.
- Aiseolas a thabhairt do dhaltaí maidir le cá háit a bhfuil gá le feabhas, bunaithe ar mheasúnú ar a n-inniúlachtaí
- Ceisteanna agus tascanna níos oscailte a úsáid; leid a thabhairt do dhaltaí le cuardach ar líne, roimh agus ina dhiaidh ceachtanna.
- Iarracht a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh cáinteach is atá daltaí i dtaca le faisnéis atá dogmatach i gcarachtar agus chomh doicheallach atá siad roimh fhrithfhaisnéis (a mhalairt ar neamhchlaontacht)
- Fiafraí de do chomhghleacaithe conas a dhéanann siad measúnú ar mheonta amhail neamhchlaontacht agus smaointeoireacht sholúbtha. Mura ndéanann siad é sin cheana féin, bíodh plé agaibh conas is féidir measúnú den sórt sin a chur i bhfeidhm.

Nóta Rabhaidh

Nuair atá míreanna bréagaisnéise á n-úsáid agat le linn measúnaithe, déan cinnte go dtuigeann daltaí cén fhaisnéis atá cruinn agus cén fhaisnéis atá bréagach. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh cuid díobh imeacht agus an rud mícheart á chreidiúint acu. Tá sé sin níos tábhachtaí fós mar gheall ar 'éifeacht an tionchair leantaigh', a phléitear i mBosca 5



Féadfar tomhais féintuairiscthe ar litearthacht dhigiteach a úsáid ar mhaithe le plé, machnamh agus barúlacha. Ag coimeád i gcuimhne go bhféadfaidh daltaí an iomarca muiníne a bheith acu astu féin agus nach bhféadfaidís a gcuid eolais, scileanna agus meonta féin a rátáil rómhaith b'fhéidir, is féidir féinmhachnamh a úsáid fós chun roinnt léargas tábhachtach a thabhairt maidir lena ndearcadh féin orthu féin agus conas is féidir leo feabhas a dhéanamh. Tugtar sampla de ráitis fhéinmheasúnaithe thíos i **mBosca 9**. Tagann na ráitis sin ó DigCompSAT de chuid an Choimisiúin Eorpaigh (uirlis fhéinmhachnaimh a luaitear i nuashonrú 2.2 DigCom)[13]. Is féidir an acmhainn idirnáisiúnta seo a bheith cabhrach i do chuid oibre.

Bosca 9: Samplaí de ráitis le haghaidh féinmhachnaimh faoin litearthacht dhigiteach (DigComp 2.1; DigCompSAT).

- Tá a fhios agam gur féidir le hinnill chuardaigh éagsúla torthaí cuardaigh éagsúla a thabhairt cionn is go mbíonn tionchar ag tosca tráchtála orthu (eolas/idirmheánach)
- Nuair a bhainim úsáid as inneall cuardaigh, is féidir liom leas a bhaint as a fheidhmeanna casta (scil, idirmheánach)
- Tá a fhios agam conas suíomh gréasáin ar thug mé cuairt air cheana a aimsiú (scil, bunleibhéal)
- Tá a fhios agam conas idirdhealú a dhéanamh idir ábhar urraithe agus ábhar eile a aimsím nó a fhaighim ar líne (e.g. fógra ar na meáin shóisialta nó ar innill chuardaigh a aithint) (scil, idirmheánach)
- Tá a fhios agam conas an cuspóir atá ag foinse faisnéise ar líne a aithint (e.g. chun faisnéis a thabhairt, chun tionchar a imirt, chun siamsaíocht a chur ar fáil nó chun díol) (scil, idirmheánach)
- Seiceálaim go criticiúil an bhfuil an fhaisnéis a fhaighim ar líne iontaofa (meon, idirmheánach)
- Tá a fhios agam go bhfuil cuid den fhaisnéis ar líne bréagach (e.g. an bhréagnuacht) (eolas, bunleibhéal)



DigComp 2.2 , cuireann sé bealaí ar fáil freisin chun measúnú a dhéanamh ar inniúlachta na ndaltaí trí bhreathnú ar phróisis fhoghlama na ndaltaí agus iad a threorú trí chúraimí áirithe a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach. Is féidir measúnú ar fhoghlaim an dalta a tharla trí bhreathnú ar chumas na ndaltaí chun cúraimí (casta) a réiteach, ar a leibhéal neamhspleáchais, agus ar a leibhéal cognaíoch. Is gá rúibricí a fhorbairt chun breathnú ar inniúlachtaí. I do mheasúnú d'fhéadfá smaoineamh ar chastacht cúraim, ar an leibhéal neamhspleáchais, ar réimse cognaíoch (Féach Fíor 1) nó déan rúibricí mionsonraithe ag glacadh na gníomhaíochta molta agus na gcúraimí áirithe a thugtar san áireamh.

Leibhéal	Castacht cúraimí	Neamhspleáchas	Réimse cognaíoch
Buneolas	Cúraimí simplí	Le treorú/neamhspleáchas agus le treorú nuair is gá	Cuimhneamh
Idirmheánach	Cúraimí dea-shainmhínithe agus gnáthchúraimí, agus cúraimí/fadhbanna díreacha, agus fadhbanna dhea-shainmhínithe agus neamhghnáthaimh	Liom féin/go neamhspleách agus de réir mo riachtanas féin.	Tuiscint
Advanced	Cúraimí agus fadhbanna éagsúla/na cúraimí is fóirsteanaí	Daoine eile a threorú/bheith in ann oiriúnú do dhaoine eile i gcomhthéacs casta	Cur i bhfeidhm/meastóireacht/ cruthú

Is féidir leat an méid a theastaíonn ó dhaltaí, chun an próiseas foghlama a fhorbairt agus chun tacú leis, a aithint níos fearr trí fhiosrú an bhfuil modhanna cuardaigh éifeachtacha forbartha ag daltaí le haghaidh cur chuige pearsanta (e.g. liosta na scannán a bhfuil an gean is mó orthu), le haghaidh cuspóirí oideachais (m.sh. chun taighde a dhéanamh ar thuiscintí éagsúla ar imeachtaí stairiúla) agus le haghaidh cuspóirí gairmiúla (e.g. chun fógraí poist fóirsteanacha a aimsiú), mar shampla. Is féidir leat fáil amach freisin an bhfuil a fhios acu conas rólódáil fhaisnéise a láimhseáil (e.g. méadú na faisnéise bréagaí nó míthreoraí le linn ráig ghalair) trína modhanna cuardaigh pearsanta agus a straitéisí a oiriúnú.

Leid 15: Scileanna taighde na ndaltaí a mheas



Cumas na ndaltaí chun taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna digiteacha a mheas. Cur i gcás, tabhair tasc taighde ar líne do dhaltaí chun na cineálacha teicneolaíochtaí a aithint a úsáidtear chun brionnuithe agus domhainbhrionnuithe a dhéanamh. Bainfidh daltaí thar gach réimse ábhair tairbhe as scileanna taighde den sórt sin.

Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Iarr ar dhaltaí a leibhéal máistreachta agus a ndul chun cinn a mheas iad féin. Iarr orthu freisin a gcuid spriocanna féin a shocrú maidir lena leibhéal inniúlachta digití.
- Úsáid a bhaint as creataí a forbraíodh go hidirnáisiúnta amhail DigComp 2.2. Tá pleananna ann chun é sin a chur ar fáil i ngach aon teanga de chuid an Aontais.
- Úsáid a bhaint as measúnachtaí agus punanna.
- Go mbíonn leibhéal measúnaithe grúpa agus aonair araon i gceist le hoibriú i ngrúpaí beaga.
- Iarr ar dhaltaí frith-insintí a fhorbairt mar fhreagra ar fheachtais mífhaisnéise a ndírítear ar phobail leochaileacha. Déan measúnú, i gcomhar le daltaí eile, ar 'láidreacht' (cé chomh áititheach is atá siad agus cén fáth) na bhfrith-insintí.

[14] Ibid

[15] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC128415

[16] https://education.ec.europa.eu/selfie

Meastóireacht ar na cineálacha cur chuige oideachais a bhaineann leis an litearthacht dhigiteach

I dteannta inniúlachtaí na ndaltaí a mheas, is maith an rud é i gcónaí a fhios a bheith agat an bhfuil an tionchar a theastaigh uait á bhaint amach agat le do chur chuige teagaisc. Sin le rá, tá feabhsú indéanta i gcónaí. Má bhí aon tionchar ag an gceacht, aonad, nó clár, ba cheart do na daltaí a bheith níos fearr ag cuid de na ceisteanna measúnaithe mar a liostaíodh thuas; cur i gcás, ceannlínte míthreoracha a aithint nó seiceáil fhírice a dhéanamh ar líne agus na gníomhaíochtaí críochnaithe. Má dhéantar tomhas sula gcuireann tú tús leis agus ansin i ndiaidh duit críochnú, gheobhaidh tú léargais thábhachtacha air sin. Má úsáideann tú na ceisteanna tástálacha chun eolas, scileanna agus meonta na ndaltaí a mheas atá i mBoscaí 6 agus 7 is féidir leat céard a d'fhoghlaim siad agus céard atá deacair orthu a fheiceáil i ndiaidh an teagaisc.

Tagann an cheist aníos ansin: conas a mheasaim mo chlár litearthachta digití féin agus/nó an clár de chuid na scoile (e.g. cad iad na huirlisí is ceart a úsáid agus cén fáth? Cad iad na gnéithe ar féidir leo agus ar cheart dóibh a mheas? Conas rochtain a fháil ar uirlisí úsáideacha, iontaofa atá ann cheana féin? Cé is ceart a chur san áireamh sa mheastóireacht)? Tá go leor bealaí ann chun tionchar a thomhas ach is dócha gurb iad na cinn is fearr tomhais bhailí agus iontaofa ar fhoghlaim na ndaltaí a úsáid. Má iarrtar ar dhaltaí measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a múineadh iad agus ar an méid a d'fhoghlaim siad, is féidir faisnéis úsáideach a uaidh sin ach is minic go mbíonn easpa cruinnis i gceist léi, go háirithe mura bhfuil a bhfreagraí gan ainm. D'fhéadfaidís a mhothú go bhfuil brú normatach ann le freagairt ar bhealach áirithe (inmhianaitheacht shóisialta). Dá réir sin, tá sé an-tábhachtach tionchar an oideachais a mheas chun tacú leis an litearthacht dhigiteach ach tá sé casta freisin.

Má tá an deis agat, d'fhéadfá féin agus do chomhghleacaithe leas a bhaint as meastóireacht níos mionsonraithe i gcomhoibriú le taighdeoirí a bhfuil suim acu tuilleadh a fhoghlaim faoin litearthacht dhigiteach i gcleachtas.

Leid 16: Nasc a dhéanamh le hollscoileanna

Cé go bhfuil ualach ama i gceist b'fhéidir do mhúinteoirí/oideoirí, is minic a mbíonn ollscoileanna ag cuardach le haghaidh deiseanna dá bhfoireann teagaisc nó dá mic léinn iarchéime chun cláir (litearthacht dhigiteach) a mheas. Is féidir leat féin agus leis an scoil tairbhe a bhaint as dul i dteagmháil le hollscoil áitiúil (e.g. Roinn Cumarsáide) agus comhoibriú a lorg. Is é an sprioc deiridh feabhas a chur ar a mbealach a theagasctar an litearthacht dhigiteach sa scoil agus conas a mheastar é chomh maith. Bíonn an saineolas seo ag ENRanna uaireanta.



Smaoinigh ar an méid a leanas...

- Labhairt le stiúrthóir na scoile faoi dhul i gcomhar le hollscoil áitiúil nó le heagraíocht neamhrialtasach chun meastóireacht a dhéanamh ar conas a mhúintear an litearthacht dhigiteach sa scoil.
- Taighde a dhéanamh ar líne maidir le cad iad na cineálacha uirlisí meastóireachta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don scoil saor in aisce nó ar chostas an-íseal.
- Amharc isteach ar uirlis SELFIE an Aontais chun cabhrú le scoil chun feabhas a chur ar conas a úsáideann sí teicneolaíocht le haghaidh teagaisc agus foghlama?

Mar fhocal scoir, tá go leor bealaí ann chun litearthacht dhigiteach do dhaltaí a mheas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar na cineálacha clár agus cur chuige atá in úsáid agat féin agus ag do chomhghleacaithe. Tá go leor uirlisí iontaofa (saor in aisce den chuid is mó) ann a bhfuil tarraingt agat orthu cheana féin.

Nóta ar acmhainní

Má tá suim agat i dtuilleadh acmhainní oideachasúla, tá liosta fairsing leis an Tuarascáil Deiridh a ghabhann leis na Treoirlínte seo.



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh